



920

MACG

NIALL MAC GIOLLA BHRÍDE



Liam Ó Connacháin

Rugadh Niall Mac Giolla Bhríde
Oíche Shamhna, 1861 ar an Fhíodh
Mhór atá amuigh agus istigh le dhá
mhíle ón Chraosloch i dTír Chonaill.

Bhí an Ghaeilge á labhairt go
fairsing sa pharóiste sin an uair úd
agus is léi a tógadh é. D'oibrí sé go
dúthrachtach ar feadh a shaoil leis an
tseanchultúr a bhuanú i measc a
dhaoine.

Fuair sé bás ar an 24ú Meán
Fómhair 1942 agus tá sé adhlactha i
reilig na seaneaglaise i bparóiste na
dTuath.

Bhí cáil air mar gheall ar na
hamhráin a chum sé.

Is é atá anseo cuntas ar imeachtaí
a bheatha, a scríobh Liam Ó
Connacháin síos uaidh, mar aon leis
na trí cinn is cáiliúla de na hamhráin
a chum sé.

Séamus Ó Dúgáin a dhear an
clúdach.

LEABHARLANN DHÚN NA NGALL



DL0300504





Niall Mac Giolla Bhríde

Niall Mac Giolla Bhríde

Niall Mac Giolla Bhríde

Liam Ó Ciomhábáin

1980

Clóirín na h-Éire
Dublin 1980

LEABHAIRIANN

LEABHAIRIANN

LEANNCHÉIM
DOEGAL STUDIES

*An Chéad Chló, 1939
Eagrán Nua, 1974*

© *Rialtas na hÉireann, 1974*

*Clóchuallacht Chathail Teoranta,
Bóthar an Phoirt Thoir,
Baile Átha Cliath 3*



*Le ceannach díreach ó
Oifig Dhiolta Foilseachán Rialtais,
An Stuara, Ard-Oifig an Phoist,
Baile Átha Cliath 1
nó ó dhioltóir leabhar*

Clár

BROLLACH	vii
RÉAMHRÁ	ix
An lá a rugadh mé	1
Ar scoil	4
Ar lorg coiníní	11
An chéad ghearrán iarainn	14
Déanamh póitín	15
Bó ar meisce	20
Cíos Mhicheáil Mhóir	22
Seanmóir i scioból	26
Gleann Bheatha	28
Na Fínní	34
Turas go hAlbain	39
Dúil i leabhair	44
Conradh na Talún	49
Bliain na Braite	51
Ag foghlaim na Gaeilge	53
Marú Thiarna Liatroma	56
Marú an Mháirtínigh	60
Cailleadh an <i>Wasp</i> in aice le Toraigh	68
Lá mór cuimhneacháin i nGartán	71
Conradh na Gaeilge	74
Ainm i nGaeilge ar mo charr	76
Níor cuireadh chun an phríosúin mé	82
Feiseanna agus laetha móra Gaelacha	86
Na hÓglaigh	89
Cathal Mór Ó Coileáin	92

Mo bheatha á hinse ar an chraolachán	..	97
I mo luf san ospidéal		100
'An Craoibhín Aoibhinn'		102
AGUISÍN		
'Mo chró beag ag bun Chnoc an Tí'	..	105
'Turlough Óg O'Boyle'		107
'The Hills of Donegal'		111

Brollach

Nuair a bhí Niall Mac Giolla Bhríde ina neart, agus é ag obair ar a dhícheall ar shon na Gacilge, bhí an teanga á labhairt go fairsing sa pharóiste inar rugadh agus inar tógadh é. D'oibir sé go dúthrachtach ar feadh a shaoil leis an tseanchultúr a bhuanú i measc a dhaoine. Ba bheag an cuidiú a fuair sé, ach amháin ó Chonradh na Gacilge a bhí ní ba láidre sa cheantar an uair sin ná atá sé anois. Go lá a bháis bhí sé chomh dílis céanna don tseantraidisiún agus a bhí sé an chéad lá a chuir sé a lámh le hobair na hathbheochana. Riamh níor chaill sé a dhóchas as cúis na teanga, ach lean air ag iarraidh an áit ba dual di a bhaint amach don Ghacilge, go mórmhór i measc an aosa óig.

Fuair sé bás ar an 24ú Meán Fómhair, 1942, in aois a dhá bhliain is ceithre fichid, agus tá sé adhlaicthe i reilig na seaneaglaise i bparóiste na dTuath.

Liam Ó Connacháin

→ Cuireadh isteach mar aguisín leis an leabhar na trí cinn is cáiliúla de na hamhráin a chum Niall Mac Giolla Bhríde.

Réamhrá

Tá sé anois suas le trí bliana ó cuireadh Niall Mac Giolla Bhríde in aithne dom den chéad uair, agus, idir sin agus an lá atá inniu ann, d'éirigh cairdeas mór croíúil eadrainn. Mar gheall ar seo is uile, tá mé fíorbhuíoch de mo chara dís, an Breitheamh Lughaidh Breathnach, mar ba eisean a bhrostaigh mé ar dtúsle cuairt a thabhairt ar Niall, agus an tuairim aige go dtiocfadh leis scéal maith le haghaidh na bpáipéar a inse dom fá mhórán eachtraí suimiúla a ndeachaigh sé tríothu le linn a shaoil fhada. Ghlac mé comhairle an bhreithimh, agus ba é deireadh na carthanachta a d'éirigh idir Niall is mé féin go bhfuair mé mórán níos mó ná scéal. Fuair mé cuntas beacht iomlán—chomh fada agus is féidir le rud deacair den tsórt a bheith iomlán—ar imeachtaí iontacha a bheatha neamhchoitianta, agus ní beag an saothar é sin.

B'iomaí cuairt ab éigean dom a thabhairt ar a theach bheag sheascair i gceartlár uaigneas na gcnoc, is faoi scáth Chnoc an Tí, agus é suite in áit chomh deas aoibhinn sláintiúil agus atá le fáil i gContae Dhún na nGall. Gach uair cuireadh fíorchaoín fáilte romham, agus sin ó Niall féin, mar ní raibh aon chuideachta aige le tamall fada anuas. Ba bheag nach raibh mé rómhall ag cur mo

lámhe leis an obair éifeachtach seo, mar, an t-am a chrom mé ar an scríbhneoireacht ar dtús, bhí Niall an-lag agus gach comhartha ann nach ag bisiú a bheadh sé.

Nuair a bhí an obair i gceart idir lámha agam, b'éigean dó dul isteach san ospidéal i Leitir Ceanainn, agus ba é sin an t-am a chuir mé deireadh le scéal a bheatha; agus is maith a bheith ábalta a rá go raibh an bhua liom san obair i ngach dóigh.

Tógadh Niall leis an Ghaeilge, agus beidh sé intuigthe ag gach duine a léifas an cuntas beag seo go raibh ardmheas aige uirthi i gcónaí, agus grá a chroí tugtha di. D'oibrí sé go dícheallach agus throid sé go calma ar son na teanga ar feadh a shaoil, agus bhí an t-ádh air a bheith beo le réim an Ghaelachais a fheiceáil in uachtar in Éirinn arís, agus is é Niall é féin atá ag tabhairt molta is buíochais do Dhia ar a shon sin.

Tá súil agam – agus ag Niall fosta – go dtiocfaidh leis an léitheoir sult, pléisiúr, suim is eolas a bhaint as an tuairisc seo, agus go spreagfaidh gach a bhfuil ann an té a chuireas dúil ann leis an Ghaeilge a fhoghlaim agus, thar gach ní eile, a chleachtadh gach uair is féidir sin a dhéanamh.

Liam Ó Connacháin

Do mo mháthair dhfílis.

1 Iúil, 1938.

An lá a rugadh mé

Is féidir a bheith cinnte nach ndéanfaidh mé dearmad, a fhad is a bheas cuimhne mheasartha mhaith agam, ar an dáta a rugadh mé, mar ní hoíche ar bith thar oíche eile a bhí ann ach Oíche Shamhna, 1861. Tháinig mé chun an tsaoil sa teach a bhfuil mé i mo chónaí ann go dtí an lá inniu, i dteach m'athar ar an Fhiodh Mhór. Is beag duine, dar ndóigh, a chuala trácht ar an cheantar seo, mar is beag iomrá atá air. Níl mórán daoine ina gcónaí ann; agus, mura mbeadh eolas maith agat ar Thír Chonaill, chuirfinn mo rogha geall gur fada a bheifé ar a lorg sula bhfaighfé amach cá raibh sé. Mar sin féin, tá a leithéid d'áit ann agus é ar áit chomh hálainn is a chonaic tú ar bhuille do dhá shúl riamh. Ach cá bhfuil sé? arsa tusa. Tá, giota beag – amuigh agus istigh le dhá mhíle – ón Chraoslach. Tuairim ar chúig mhíle dhéag ó Leitir Ceanainn atá an Craoslach. Ach dá chongaraí don Chraoslach m'áit dúchais, déarfainn nach mbainfeadh an strainséir amach é gan dul ar seachrán, mura mbeadh duine de lucht na háite leis a chuirfeadh ar an eolas é. Bfódh a fhios agat nach bealach mór go doras a bhéarfas chun an tí thú. Caithfidh tú, ar theacht cóngarach don áit duit, an bealach mór a fhágáil agus d'aghaidh a thabhairt

trasna na bpáirceanna. Mura dté tú sa churafocht agus easair chosáin a dhéanamh den treabhair, ní chuirfear chugat ná uait. Ní fheicfidh tú an teach go mbeidh tú an-chóngarach dó, mar tá sé ar fhoscadh na gcrann.

Ach is bocht suarach an teach atá ann inniu i bhfarradh an tí sheascair bhláfair a bhí ann le linn m'óige. Is é mar atá an scéal anois: tá mise ag éirí sean. Go deimhin agus go dearfa, tá mé an-aosta agus gan an tsláinte go maith agam. Níl tapa ionam le dada a dhéanamh, agus mé chomh creapalta sin le beagán blianta nach dtáinig liom aire cheart a thabhairt don áit. Tá a shliocht ar an teach: tá sé gan bhláth, ní hionann is nuair a bhí mise óg.

Ba bhreá ar fad amach an saol a bhíodh againn agus mé ag éirí aníos. Bhíodh cuideachta iontach againn, mar bhí teaghlach mór againn ann: deich gcloigne. Ní cuimhneach liomsa beirt díobh sin, mar sciob an bás leis iad sula dtáinig siad i méid.

Proinsias Mac Giolla Bhríde ab ainm do m'athair. Rugadh agus tógadh san áit é. Bríd a bhí ar mo mháthair, agus ba de chlann Mhic Giolla Bhríde ise fosta. Bhí cion mór againn uilig ar an bheirt acu, ní hé amháin le linn na hóige, ach a fhad is fágadh againn iad. Agus níorbh iontas ar bith sin, mar bhí an dís ar phéire chomh cineálta croíúil cairdiúil is a bhí le fáil san am sin nó ó shin.

Ba í an Ghaeilge an chéad teanga a chuala muid agus a chleacht muid. Sílím nár casadh aon duine riamh orm a raibh an Ghaeilge aige chomh breá binn blasta is a bhí sí ag mo mháthair. Tógadh í i Ros Goill, áit a raibh

AN LÁ A RUGADH MÉ

an Ghaeilge ab fhearr a bhí in Éirinn an uair sin. Bhí an teanga ar a chomhairle féin ag m'athair fosta, agus ar an ábhar sin is beag Béarla a cluineadh sa teach seo againne. Ní hé amháin go dtug an bheirt acu an Ghaeilge dúinn maidin agus tráthnóna, ach rinne siad a ndícheall ar spiorad Gaelach agus dearcadh náisiúnta a spreagadh ionainn. Bfuochas mór do Dhia nár shaothar in ascaidh acu é. Ní raibh m'athair aineolach ar an Bhéarla, ach b'annamh a labhraíodh sé linne i dteanga na Sasanach. D'fhás muid aníos gan tuigbheáil ar a laghad againn ar theanga ar bith ach ár dteanga féin.

Ar scoil

Ní raibh mise chomh hóg sin nuair a socraíodh ar mo chur chun na scoile. Creidim go raibh mé thar sheacht mbliana san am. Mar sin féin, ní raibh cuma sheanaimseartha ar bith orm. Sciorta go sála orm mar a bheadh ar ghirsigh. Níor tugadh bríste dom go raibh cúpla bliain curtha isteach ar an scoil agam.

Níor thit sé ar mo chrann dul chun na scoile gan chuideachta. Bhí ceathrar den teaghlach, mar a bhí Dónall, Bríd, Róise agus Caitlín, ag gabháil ar an scoil san am chéanna. Bhí cuid acu sin ní ba sine ná mise, agus an chuid eile ní b'óige.

Agus an bealach a bhíodh romhainn gach maidin! Leis an fhírinne a rá, ní bealach a bhí ann ar chor ar bith. Ní dhearnadh aon bhealach sa chomharsanacht go ceann i bhfad ina dhiaidh sin. Bhí an scoil ba chónagaraf dúinn níos mó ná mife uainn, agus bhí orainn dul trasna na bpáirceanna agus na bportach agus na genoc chuici. Leoga, ba fhliuch garbh clochach fadálach an siúl é. Níor ghoill sé orainn le linn na hainsire maithe, agus b'iomaí sin greann agus spórt a bhainimis as. Ach bhí a mhalairt de scéal ann sa gheimhreadh, agus b'iomaí lá fuar fliuch anróiteach a tháinig orainn ag tarraingt ar an scoil chéanna.

I ngleann bheag darbh ainm Cill Mhac Lugha a bhí an scoil suite. Tiarna an talaimh a bhí ina chónaí ar an Ardaidh, in aice Dhún Fionnachaidh, a thóg í. Ní raibh sí rómhór, ach bhí sí slachtmhar go leor. Ar an bhealach chun na scoile bhí abhainn againn le dul trasna uirthi. An Chluain ab ainm di. Bhí cineál de chlochán ann, ach bhí na clocha iontach sleamhain. Gheibheadh mo dheartháir nó mo dheirfiúr greim láimhe ormsa i gcónaí le mo thabhairt anonn. Ach, d'ainneoin chomh cúramach is a bhínn acu, b'iomáí maidin agus tráthnóna a shleamhnaigh mé, gur thit mé san abhainn, gur fliuchadh go craiceann mé.

Bhí léann maith le fáil againn ar an scoil, agus bhain muid tairbhe as an fhaill a fuair muid le beagán oideachais a chruinniú. B'éigean dúinn cuid mhaith den am, le linn an tsamhraidh agus an fhómhair, a chaith-eamh sa bhaile ag tabhairt chuidithe leis an bharr a chur agus a bhaint, agus ar an ábhar sin níos éirigh linn an bhuntáiste ba cheart dúinn a bhaint as an scoil. Sa gheimhreadh nuair nach mbíodh dada le déanamh fá bhaile ag páistí, bhíodh an scoil lán ó chúl go doras. Is minic a chonaic mé suas le ceithre fichid scoláire sa láthair. Ní raibh ach an t-aon mháistir amháin againn, ach go mbíodh girseach anois agus arís ag cuidiú leis.

B'iontach an fear an máistir sin, ar mhórán dóigh-eanna. Bhí gach aon lorga a bhí air chomh fada le croisín, agus an cholann an-ghairid ar fad. Bhí cruít air, agus nuair a bhíodh a chúl leat shléá gur ar crochadh ar bhacán a bhíodh a chóta. Bhíodh sé trom go leor orainn nuair nach mbíodh na ceachtanna ina shásamh

againn; agus, leoga, is iomaí uair a d'fhág sé greadfach ionainn leis an tslait. Bhí an oiread sin eagla orainn roimhe nach raibh aige ach amharc súile a chaitheamh orainn le sinn a chur ar crith inár gcaiceann.

An chéad lá a chuaigh mise isteach ar dhoras na scoile, ní raibh focal Béarla agam. Ach ní fada a bhí mé mar sin. Tugadh le fios dom gurbh é an Béarla a bhí in uachtar sa scoil, agus thosaigh mé – in éadan mo thola – á fhoghlaím. Ní dhéanfaidh mé dearmad go dté ordóg an bháis ar mo shúile ar an deacracht a bhí ag baint le foghlaím an Bhéarla. Bhí an Ghaeilge ar ár dtoil againn go léir, agus gan fonn rómhór orainn glacadh leis an Bhéarla. Sula raibh seachtain caite agamsa ar an scoil thuig mé nach raibh an dara suí sa bhuaile ann ach cloí leis an teanga a bhí i réim sa scoil. Chros an máistir orainn feidhm a bhaint as an Ghaeilge taobh istigh de dhoras na scoile, agus is beag lá nach mbíodh sé ár gcomhairliú an ramás teanga a bhí againn a chaitheamh uainn. Níorbh fhurasta sin a dhéanamh. Ba í an Ghaeilge a bhí ag an mhórchuid de na scoláirí, agus ba doiligh dóibh an teanga a thigeadh go réidh leo agus a chleachtadh siad maidin agus tráthnóna a chur uathu dá mbeadh a fhonn féin orthu. In obair na scoile labhraímis an Béarla le heagla roimh an mháistir, ach ba í an Ghaeilge a bhíodh againn nuair a bhíodh an chogarnach ar siúl againn eadrainn féin. D'ainneoin drochmheas an mháistir uirthi, níor lúide ár meas-inne uirthi nuair a gheibhimis an fhaill. Níor éirigh leis-sean, ná le máistir ar bith cile sa pharóiste, an teanga a chleachtadh na páistí sa bhaile a dhíbirt.

Bhí mé cúpla bliain ar scoil, agus mé in aois mo dheich mbliana, sula bhfuair mé bríste. Ó sin amach shíl mé gur fear a bhí ionam. Ach níor fhág mé an scoil go ceann ocht mbliana ina dhiaidh sin. Bhí mé fá chúpla bliain den scór nuair a d'fhág mé slán aici.

Dálta pháistí an lae inniu, bhímis ag feitheamh agus ag fuireachas leis na laetha saoire. Ní raibh aon lá ab fhearr a thaitin liom féin riamh ná an lá deireanach roimh an scaradh go ceann shé seachtaine. Le fada go leor roimhe sin bhímis ag feitheamh go mífhoghléach leis an lá ghlórmhar a mbeadh cead na gcós againn. Agus nuair a bhíodh sé ar fáil sa deireadh, agus gach duine lán croí agus aigne, agus fonn grinn agus cuid-eachta orainn, b'fhéidir gur fearg a thiocfadh ar an mháistir agus go dtosódh sé a bhagairt nach saoire a bheadh i ndán dúinn mura stadaimis den trup agus den tormán a bhíodh ar siúl againn. Dá bhfeicfeá an ghruaim a chuireadh an bhagairt sin orainn! Ach ní bhíodh ann ach bagairt. Gheibhimis cead na gcós ar an bhomaite a bhí an scoil thart.

Mar atá ráite agam roimhe, ní bhíodh ach leath na scoláirí ar an scoil sa tsamhradh, mar choinnítf mórár acu sa bhaile le beagán oibre a dhéanamh. Chuirf tuilleadh acu ar fostó le pingneacha beaga airgid a thuilleamh. Théadh cuid acu chun an Lagáin, áit a mbíodh siad ag buachailleacht nó ag déanamh obai feirmeoireachta. Thigeadh siad chun an bhaile fá Shamhain agus théadh seal eile chun na scoile. Ag streachailt leis an tsaoil a bhíodh a muintir ó cheann ceann na bliana, agus dá laghad saothrú gasúir nó girsí

bhí sé ina chuidiú ag daoine bochta nach raibh ach ón láimh go dtí an béal acu.

Ní raibh mórán de rathúnas an tsaoil ag aon duine againn, agus ar an ábhar sin, nforbh iontas na páistí ag teacht chun na scoile ainéadaithe costarnocht. Ba mhinic sinn fliuch go craiceann i ndiaidh siúl fada a dhéanamh maidin bháistí. Bhíodh tine bheag sa scoil, ach ní mór an teas a bhíodh inti, agus ba bheag an mhaith í le héadach fliuch a thriomú. Is beag geimhreadh nach bhfuair mé féin agus an chuid eile den teaghlach a bhíodh chun na scoile liom drochshlaghdán. Bhíodh giota beag aráin linn sa mhála agus d'ithimis sin ar an mheán lae, ach greim eile ní bhlaissimis go dtigimis chun an bhaile i dtrátha a ceathair a chlog.

Ní raibh an tae ann agus mise i mo ghasúr, mar atá inniu. An uair annamh a gheibheadh daoine tae, ní bhfaigheadh na páistí blas de. Ón mhéid a d'fhoghlaim mé ó shin, creidim anois nár mhór an chaill dúinn gan tae a fháil le linn an ama a raibh muid ag éirí aníos. Bhí bia nfb fholláine againn an uair sin, mar a bhí brachán agus prátaí. B'fhéidir gur chúis gháire d'aos óg na haimsire seo, a bhfuil an cár lofa agus an goile as ordú acu ag mílseáin, an cineál bia a bhíodh ag páistí nuair a bhí mise óg, ach bhí dea-shláinte againn agus sinn i bhfad ní ba bhríomhaire ná na páistí a tít ag éirí aníos anois. De réir mar is léir domsa le fiche bliain anall, tá bunadh na tíre ag éirí lag agus ag cailleadh na fearúlachta a bhíodh ionainne tá leathchéad bliain ó shin. Nuair a bhí mise óg, ní raibh aon obair d'fhiac-

lóiri, má bhí a leithéid ann ar chor ar bith an uair sin. Ach cé bhíos chomh gnaitheach leo inniu? Tig siad as Doire, as Leitir Ceanainn agus as áiteacha eile, nuair a bhíos an t-aonach ar siúl ar an Chraoslach, agus siúd aos óg na háite agus gach duine acu ag fanacht ar a sheal le dul isteach chuig dochtúir na bhfiacal. Níor chaith na daoine ach an bia a d'fhóir dóibh nuair a bhí mise óg. Bhí a shliocht orthu: bhí siad breá folláin. Mar oibrithe níl fir agus mná na haoise seo inchurtha lena sinsear ar chuma ar bith.

Nuair a bhí mise i mo stócach, ba ghnách le m'athair, agus le gach athair eile sa pharóiste fosta, cúpla uair a chur isteach ar maidin amuigh ag obair sula mblaiseadh siad aon ghreim bricfeasta. Bhíodh siad ina suí le spéartha an lae. Bhí mórán acu a bhíodh i gceann oibre ar a sé a chlog. Iad amuigh sa pháirc ag rómhar nó ag cur an tsí. Deirimse leat go mbíodh a ngoile acu nuair a thigeadh siad isteach fá choinne a mbricfeasta. Le linn an ama a mbíodh na fir amuigh bhíodh bean an tí sa chistin ag cur síos tine, ag déanamh bracháin, nó ag bruith phrátaí.

Nuair a tháinig bríomhaireacht fir i mo chnámha féin, bhínn i gcuideachta an lucht oibre le mochéirí gréine. Bhí fonn oibre orm tamall maith sular fhág mé an scoil, agus bhí mé ábalta cuidiú beag a thabhairt sa bheagán feirmeoireachta a bhí le déanamh againn. Ní raibh cuid mhór talaimh againn. Amuigh agus istigh le ceithre acra dhéag a bhí i seilbh m'athar, ach ní raibh ach tuairim ar a leath sin fá churasocht. Bhí an chuid eile mar thalamh inníste ag an callach. Bhí cead

innste againn mar an gcéanna ar ár bpáirt de Chnoc an Tí.

D'fhág mé scoil Chill Mhac Lughá nuair a bhí mé tuairim ar cheithre bliana déag d'aois agus chuaigh chun an Chraoslaigh ar scoil ar feadh tamaill, mar bhí scoil Chill Mhac Lughá druidte seal gearr. Nuair a foscladh í arís tháinig mé ar ais. Bhí dúil agam san oideachas, agus is minic ó shin a ba trua liom nach bhfuair mé caoi níos fearr le freastal a dhéanamh ar an scoil i m'óige. Ní raibh dóigh rómhaith in am ar bith ar an teaghlach seo againne, agus ar an ábhar sin, b'eigean dom cuid mhaith ama a chaitheamh sa bhaile ón scoil le cuidiú in obair na feirme. Le linn an gheimhridh is mó a fuair mé faill ar bheith ag déanamh léinn.

Ar lorg coiníní

Dálta a lán gasúr eile, d'fhoghlaim mé ceird bhreith ar choiníní agus ghearriacha go gearr i ndiaidh fhágáil na scoile dom. B'annamh oíche ó sin amach nach mbínn amuigh ar a dtóir. Bhí gaistí agus dolanna agam, agus chuirinn iad thall agus abhus gan fhios don bháillí. Níorbh fhurasta sin a dhéanamh san am, mar bhí súil chomh géar ag an bháillí a bhí ann an uair sin is a cuireadh i gceann duine riamh. Ba eisean féin a rinne an coimhead maith dá mháistir. Ní raibh oíche dá dtigeadh nach mbíodh sé amuigh go ndéanadh mionscrúdú ar na cláfocha agus ar na páirceanna, ar eagla go mbeadh gaiste nó dol curtha ag aon duine de bhunadh na háite. Siúd leis ar béal maidine go hoifig an tiarna talaimh le gach dol is gaiste dá bhfaigheadh sé i rith na hoíche. Ní raibh cuid de bhunadh na háite féin ró-ionraic, mar níor spód leo a ngoid nuair a chastaí orthu iad.

Lá i ndeireadh an fhómhair, agus grian bhreá ag soilsiú sa spéir, bhain mise rás as an bháillí nár baineadh riamh roimhe ná ina dhiaidh as. Bhí mé i mo shuí le breacadh an lae, mar bhí dolanna curtha agam. Bhí mo chroí ag preabadaigh i mo chliabh le súil go mbeadh rud inteacht gafa agam. Bhí an t-ádh orm ceart go leor, mar bhí coinín sa chéad dol, agus sa dara dol, agus

i ngach aon dol dá raibh curtha agam. Ní nach ionadh, bhí an lúcháir agus an t-áthas amach orm. Creidim gur chuidigh sin le mo dhéanamh níos dána ná ba ghnách liom. Ar bharr páirce, an-chóngarach do theach an bháillí, a bhí na dolanna curtha agam. De réir mar a bhí mé ag teacht orthu bhí mé ag baint na gcoiníní astu. Sular mhothaigh mé, siúd amach an báillí! Níor fhan sé leis an dara hamharc a thabhairt orm féin. Cé go raibh cnagaois aige, lig sé é féin chun reatha. Bhí a fhios agam nach raibh lúth na genámh aige mar a bhí agamsa, agus nach dtiocfadh sé aníos liom dá mhéad dtícheall dá ndéanfadh sé. D'fhág sin ní ba dhána mé. In ionad iarraidh a dhéanamh ar na coiníní a chur i bhfolach air, is é rud a rinne mé mo lámh a ardú ar dhóigh go bhfeicfeadh sé an bunachar a bhí agam. Ach níorbh fhada gur thuig mé gurbh amaideach an mhaise dom a bheith ag cur i gcéill nach raibh eagla orm roimhe. Thug mé do na boinn é síos an pháirc agus an báillí i mo dhiaidh. Trasna claíocha, thar srutháin, tríd bhearnaí, agus eisean ar theann a dhíchill ag iarraidh teacht aníos liom. Rith sé an méid a bhí ina chorp, ach bhí tuairim ar chéad slat agamsa air. Níor stad mé den rás go raibh míle talaimh curtha tharam agam, agus deor as gach aon ribe liom agus mé tuirseach sáraithe. Ní raibh a fhios agam cé acu a bhí seisean ar mo shála nó scoite agam, ach fuair mé uchtach amharc thar mo ghualainn go bhfeicinn cá raibh sé. Ní raibh sé le feiceáil thall ná abhus, agus ba mhór an faoiseamh dom sin. Fuair mé faill ar m'anáil a tharraingt. D'fhág an rás sin ciall cheannaithe agam, mar bhí mé ní ba

AR LORG COINÍNÍ

chúramas ó sin amach. Ach níor chuir sé mé ó mharú
coiníní. Rug mé ar choinín is fiche geimhreadh
amháin idir an cnoc agus an talamh curafochta seo
againn féin. Bhí luach breá le fáil orthu san am, ocht
bpingin déag ar choinín agus naoi bpingne ar ghearria.
Ba mhór an cathú sin ag mo leithéidse.

An chéad ghearrán iarainn

Tá mé cinnte nach raibh mé thar fhiche bliain d'aois nuair a tháinig an chéad ghearrán iarainn chun na paróiste. Ar mhuin capaill nó ar carr a nódh daoine turas fada roimhe sin. Ministir a bhí ar an Bhaile Mhór a fuair an chéad ghearrán iarainn a bhí fá na gaobhair seo. Is maith is cuimhin liom an chéad uair a chonaic mé é, agus b'iontach agus ba mhínádúrtha, dar liom, an chuma a bhí ar an ghléas iompair a bhí faoi – roth mór chun tosaigh agus roth beag ar deireadh. Bhí sé ag cur iontais orm goidé mar a d'éirigh leis an duine uasal dul in airde air, mar chonacthas dom nárbh fhurasta léim a thabhairt i ndiallaid ruda a bhí chomh hard sin. Níorbh fhada gur bhronn an ministir an gearrán ar dhuine de mhuintir na háite, agus ó sin amach fuair a lán de stócaigh na paróiste faill ar thamall marcafochta a dhéanamh air. Ní raibh dúil agam féin riamh sa ghléas iompair ar a bhfuil mé ag caint, agus ar an ábhar sin níor bhain mé feidhm in am ar bith as gearrán iarainn.

Déanamh póitín

Bhí déanamh an phóitín i réim i dTír Chonaill le linn m'óigese. Bhí muintir an cheantair seo againne chomh gnaitheach ina cheann le dream ar bith eile. Tá daoine ann a deir nach dtáinig ádh ná grásta Dé riamh ar aon duine a bhí tugtha do dhéanamh na biotáille atá i gceist agam. Mar sin féin, bhí aithne agamsa ar mhórán daoine a rinne airgead maith ar dhéanamh póitín gan fhios do lucht an dlí. Ní raibh mórán de rathúnas an tsaoil fá na háiteacha iargúlta agus i measc na gcnoc anseo, agus níorbh iontas daoine bochta, nach raibh ach ón láimh go dtí an béal acu, a bheith ag iarraidh pingneacha beaga airgid a shaothrú. Ba mhaith an tslí bheatha acu é, dar leo; agus cé go raibh déanamh an phóitín crosta, agus duine i gcontúirt an dlí i gcónaí ó bheith á dhéanamh, ba doiligh gan géilleadh do na cathuithe. Is iomaí contúirt a rachaidh an duine ann mar mhaithe lena bheatha a bhaint amach, agus tá mé cinnte gur ag iarraidh teacht i dtír chomh maith is thiofcadh leo a bhí mórán dá raibh i gceann an phóitín.

Tá athrú mór ar an scéal sa chontae seo le beagán blianta anall, buíochas do Dhia. Is beag áit anois a bhfuil gloine póitín le fáil, ar ór nó ar airgead. Tá an Eaglais agus na cúirteanna anuas go mór ar lucht

déanta agus lucht díolta an phóitín. Is iomaí duine a chuir a théarma isteach sa phríosún cionn is é a bheith á dhéanamh.

Bhí uncal agam darbh ainm Ruairí Mac Giolla Bhríde, a bhí ina chónaí in fochtar Ros Goill. Ba mhór an stílér é ina óige. Bhí cró na stíle aige féin agus ag a chomrádaithe idir carraigeacha cois na farraige, i bhfad ó shiúl daoine. Ba doiligh don té nach raibh eolas maith aige ar shuíomh na tíre teacht ar an chró. Bhí barúil mhaith ag na saighdiúirí dubha go raibh stíléracht ar bun áit inteacht fá na gaobhair, ach sháraigh orthu comhartha ar bith a fheiceáil a chuirfeadh ar an bhealach chun an chró iad. Rinne siad coimhhead osche agus lá, ag súil go mbeadh sé d'ádh orthu breith ar na stílérí nó ar a gcuid gléasraí. Deirtear gur mór an bhua an fhoighid. Cibé ar bith, bhí toradh na foighde ar choimhhead na saighdiúirí dubha fá dheireadh thiar thall.

Lá amháin bhí m'uncal, agus é naoi mbliana déag d'aois san am, ag tabhairt aire do chró na stíle agus na fir eile imithe. Tháinig na saighdiúirí dubha, agus is cosúil go bhfaca siad an toit, mar d'fhan siad ag breathnú na háite uathu ar feadh i bhfad. Bhí barúil acu go raibh rud inteacht ar cois san áit a raibh an toit. Mar a dúirt mé, bhí an cró idir carraigeacha cois na farraige. Bhí beanna arda idir é agus an talamh cothrom, agus níorbh fhurasta don aineolaí an cladach a bhaint amach ón áit a raibh na saighdiúirí dubha. Ar dhóigh ar bith, ní raibh fonn orthusan iad féin a chur i gcontúirt a marfa i mbeanna Ros Goill. D'fhan siad

ag coimhead sfos go bhfaça siad m'uncal ag teacht amach as an chró. Ar an bhomaite scairt siad leis agus d'ordaigh dó teacht aníos agus an stíl a thabhairt dóibh. Níor dhuine eisean arbh fhurasta critheagla a chur air, agus thug sé sin le fios dóibh. Ach má shíl sé go n-imeodh siad, bhí sé meallta. Níorbh fhada gur léir dó go raibh rún acu fanacht go ngéillfeadh sé, rud nach raibh seisean ag brath ar a dhéanamh.

Nuair ab fhada leis a bhí siad gan chuma imeachta orthu, smaoinigh sé ar chleas. Lig sé air féin go raibh sé réidh le géilleadh. D'iarr sé orthusan rópa a ligean anuas chuige. Rinneadh amhlaidh. Níorbh fhada go gcuala siad an scairt, á iarraidh orthu é a tharraingt suas. Luigh na saighdiúirí dubha ar an rópa agus thosaigh á tharraingt ar theann a ndíchill. Ach dá mhéad saothar dár chuir siad orthu féin, ní raibh ag éirí leo an fear a bhí thíos a thabhairt aníos. Bhí siad mar sin go raibh an anáil ar bharr a ngoib agus gach aon deor allais leo. Ansin, sula raibh a fhios acu goidé tharla, bhí siad ar shlait a ndroma! Tháinig an rópa leo go tobann, gan Ruairí, ná a thuairisc ar a cheann!

Is é rud a rinne seisean, nuair a ligeadh an rópa anuas chuige, maide trom adhmaid a cheangal de; agus, nuair a bhí siadsan tamall ag tarraingt, scaoil sé an snaidhm a bhí aige air. Suas leis an rópa mar a bheadh urchar gunna ann, go bhfuair na saighdiúirí dubha rud nach ndearna siad margadh air. Bhí siad ar an daorad, ní nach ionadh, agus mhionnaigh siad nach ligfeadh siad aníos é go bhfaigheadh sé bás den ocras. Ar ball beag, siúd anuas chucu bean an mhinistir. Nuair a

chuala sí goidé mar a bhí, dúirt sí gur mhór an náire dóibh an stócach a choinneáil in áit nach raibh aon ghreim bia le fáil aige. Ar impí na mná thoiligh siad ar a tharraingt aníos. Lig siad an rópa síos athuair, agus nuair a tharraing siad an iarraidh seo, nocht Ruairí chucu. Ach, má mheas siad go raibh sé gafa acu, bhí siad meallta.

Níor luaithe a leag Ruairí leithead a dhá bhonn ar an talamh chothrom ná siúd chun siúil ar chosa in airde é! Ní raibh siadsan ag súil lena leithéid de thallann, agus bhí sé scoite uathu sular smaoinigh siad ar dhul sa tóir air.

Shín an rás acu, ach bhí an bhuntáiste aigean orthu. Ar uisce Fhánad a thug sé a aghaidh. Bhí sin dhá mhíle uaidh. D'éirigh leis a bhaint amach agus iadsan sna sála aige. Go hádhúil, bhí bád beag ar an tsnámh ann agus siúd de léim sa bhád é, rug ar na rámhaf agus amach leis ar an Mhaoil Ruaidh. Fuair siadsan bád agus lean é. Níorbh fhada go dtáinig siad aníos leis agus d'éirigh fear acu le breith ar a bhád. Ach bhain seisean casadh as a ártach féin, agus sula raibh faill acu tiontó bhí sé scoite uathu. D'éirigh leis teacht i dtír i bhFánaid agus na saighdiúirí dubha go géar ar a lorg. Ar inn ar ea d'imigh sé orthu.

B'éigean dó dul ar a sheachnadh, mar bhí an cuartú air thall agus abhus. Ní raibh a shaol inmhaíte air ó sin amach.

Théadh sé amach san oíche a iascaireacht le muintir na háite, agus oíche dá raibh siad amuigh tharla go dtáinig long Mheiriceá an bealach. Chuaigh sé ar bord

DÉANAMH PÓITÍN

agus bhain na Stáit Aontaithe amach. D'fhan sé thall agus nfor smaoinigh ar an bhaile go raibh sé ina sheanfhear. Bhí sé i Meiriceá in aimsir anchogaidh chathartha agus, dalta go leor Éireannach eile, chuaigh sé san arm agus rinne troid le linn an chogaidh sin. Tháinig sé slán ach gur goineadh sa láimh é.

Tamall beag sula bhfuair mo mháthair bás tháinig litir uaidh chuici. Dúirt sé nach raibh an tsláinte go rómhaith aige agus gur mhaith leis cuairt a thabhairt ar an bhaile. Ní raibh an seoladh ceart ar an litir, agus is iomaí áit a ndeachaigh sí sula dtáinig sí chugainne. D'iarr mo mháthair ormsa scríobh chuige agus a rá go mbeadh fearadh na fáilte roimhe ar an Fhiodh Mhór. Tháinig mo litir ar ais agus 'deceased' ar an chlúdach uirthi. Ba thrua linn go léir nár chuir sé scéala chugainn ní ba luaithe, mar bíonn an dáimh i gcónaí againn lenár nduine féin. Chum mise giota filíochta ag cur síos ar a shaol agus ar a eachtraí, ach, ó tharla gur i mBéarla atá sé, ní bheadh sé indéanta agam é a chur síos anseo.

Bó ar meisce

Ag caint dom ar dhéanamh póitín, ba cheart dom a rá nach raibh baint agam féin riamh leis; ach caithfidh mé a admháil gur ól mé bolgam de uair amháin ar a laghad. Bhí cró stíle ar an chnoc in aice an tí seo againne, agus, lá amháin, chonaic mé le mo dhá shúil bó bhainne agus í chomh mór sin ar meisce nach raibh sí ábalta seasamh! Bhí sí ag innilt sa pháirc agus tháinig sí ar chuid den bhraich i mbairille, agus chuir sin ar na cannaí fí!

In aimsir na saighdiúirí dubha bhain pfléar rás as fear as an áit seo a raibh ceig póitín aige. Ar fheiceáil an phfléir chuige thug an fear do na boinn é agus ceig dheich ngalún faoina ascaill aige. Bhí an fear bocht i ndeireadh na péice nuair a shroich sé an teach seo againne. Dá dhéine dá raibh an tóir ina dhiaidh choinnigh sé a ghreim ar an cheig i dtólamh. Bhí mo mháthair ina suf ag an túirne ar theacht isteach dó. Nuair a chuala sí an géibheann ina raibh sé, siúd de léim ina seasamh í agus d'iarr air an ceig a leagan ar an urlár in aice an túirne. Níor luaithe sin déanta aige ná ise ina suf air.

Amach leis-sean ar an doras cúil. Níl ann ach go raibh sé as amharc nuair a tháinig an pfléar de spalpadh

reatha isteach ar an doras oscailte. Chuir sé ceist ar an bhean a bhí i gceann an túirne an bhfaca sí fear ag teacht isteach. Dúirt síse go bhfaca sí fear agus ceig ar a mhuin, ach gur imigh sé amach ar an doras cúil. Chuartaigh an pfléar thíos agus thuas, ach ní bhfuair sé a dhath faoi chreatacha an tí, mar bhí an ceig i bhfolach faoi sciorta mo mháthar. Nuair nach bhfuair an pfléar tásc ná tuairisc an cheig, bhain sé an baile amach. Tháinig fear an cheig ar ais, agus bhí an-áthas air go raibh a chuid póitín slán sábháilte roimhe.

Ba ghnách leis na fir a bhfodh ag déanamh póitín fán chnoc seo teacht tigh seo againne go minic a fháil greim le hithe. Ní thigeadh siad folamh. Ba mhinic sin buidéal nó crúiscín póitín leo.

Oíche amháin chonaic mé féin soitheach ar an drisiúr agus é leathlán biotáille. Bhuaile an cathú mé agus síos liom a bhlaiseadh na dí. Ní raibh ionam ach gasúr san am, agus gan acmhainn agam ar bhiotáille láidir. Níorbh fhada gur mhothaigh mé an póitín ag gabháil i mo cheann agus an mheisce ag teacht orm. Ní raibh a fhios ag muintir an tí gur ól mé cuid den deoch a bhí ar an drisiúr, agus chomh luath is a fuair mé an fhaill bhain mé an leaba amach. Bhí mé ag brionglóidigh i rith na hoíche. Ní dhéanfaidh mé dearmad go lá mo bháis ar bhrionglóid na hoíche sin. Is é a n-abróidh mé fá dtaobh di go raibh baint mhór aici leis an tsaol in Ifreann.

Cíos Mhicheáil Mhoir

Micheál Mór an t-ainm a bhí ar chomharsa bhéal dorais a bhí againn nuair a bhí mise ag éirf aníos. Níor leasainm Micheál Mór a thabhairt air. Bhí sé ard leathan-shlinneánach agus é sé troithe ar airde agus meáchan dá réir ann. Bhí a bhean inchurtha leis ar gach aon dóigh. Máire Mhór a tugadh uirthise. Ochtar clainne a bhí acu, an teaghlach ba mhó sa taobh seo den pharóiste. Níor chuir an cúram mór mórán trioblóide ar Mhicheál ná ar a mhnaoi. Ní raibh an teacht isteach a bhí acu rómhór, ach mar sin féin bhí siad ina súf go te.

Lá Lúnasa thug Micheál leis spád agus siúd amach chun na páirce a bhí ar chúl an tí é a bhaint an chéad trátha de na prátaí úra. Lfion sé buicéad a bhí leis, gan móran moille agus isteach chun na cistiní leis agus aoibh bhreá air. Lá mór i saol mhuintir Thír Chonaill lá bhainte na gcéad phrátaí úra, agus níorbh iontas Micheál agus a bhean agus a gclann a bheith sona sásta an lá seo a bhfuil mé ag tarraingt an scéil air.

Ach ní ann ach go raibh an dinnéar caite acu nuair a osclafodh an doras agus siúd isteach fear an ghearrtha. Leis an fhírinne a rá, bhí riaráiste ar Mhicheál san am. Bhí an t-airgead gann, agus an beagán de a bhíodh ann níorbh fhurasta dá leithéidsean greim a fháil ar

mhórán de. Ach ba doiligh fear an ghearrtha a chur ó dhoras le leithscéal. An t-airgead síos a bhfodh uaidh i gcónaí, agus mura mbfodh sin le fáil, níor spóid leis an bhó a bhí sa bhoitheach a thógáil.

Ní raibh ag Mícheál ach an t-aon bhó amháin san am; agus, nuair nach raibh an t-airgead le fáil ag fear an ghearrtha, shocraigh sé ar an bhó a bhreith leis. D'agair Mícheál agus a bhean é gan bó na bpáistí a sciobadh uathu, agus go ndíolfáí an gearradh dá dtugadh sé tamall beag dóibh leis an airgead a chur i gceann a chéile. Ní raibh fear an ghearrtha chomh cruachroíoch sin go bhfágfadh sé muirín bheag lag gan braon bainne. Dúirt sé go dtabharfadh sé go lá aonaigh an Chraoslaigh dóibh leis an ghearradh a dhíol. Ar an deichiú lá den mhí a bhfodh an t-aonach ann.

D'imigh fear an ghearrtha, agus d'éirigh Mícheál agus d'fhág sé an teach. Níorbh fhada go gcuala an bhean mar a bheadh osnaí amuigh. Amach léi. Tí sí a fear ina shuí ar charnán cloch le taobh an bhalla, bos faoina leiceann agus cuma bhrúite bhrónach air.

'Faoin Rí, goidé atá ort ar chor ar bith?' ar sise.

'Tá, a thaisce,' arsa Mícheál, 'nach bhfeicim a dhath i ndán dúinn ach bó na bpáistí a dhíol leis na gearrthacha a ghlanadh. Dona go leor a bheadh an scéal dá mbeadh na páistí uilig ina sláinte, ach sin Dónall bocht ina lúf breoite, agus goidé a dhéanfas mo leanbh gan aon deor is gile ná an t-uisce le tabhairt dó?'

Thug an bhean iarraidh ar mhísneach a thabhairt don fhear a bhí faoi ghruaim.

'Is deise cabhair Dé ná maide an doraí,' ar sise.

Ansin labhair sí ar an líon a bhí ag fás sa pháirc ar chúil an tí.

'Tá maith a bheith ag caint ar líon atá glas go fóill!' ar seisean. 'Nach bhfuil a fhios agat nach dtabharfadh aon duine aon phingin rua ar líon nach mbíonn aibithe go ceann fada go leor!'

'Ach nach bhfuil a dhath againn atá réidh le baint?' ar sise.

'Níl,' arsa Micheál, 'ach giota beag atá i mbarr na páirce.'

Le scéal fada a dhéanamh gairid, bhain Micheál cúpla stuca den bheagán a bhí aibithe agus thug go poll an lín é gur chuir ar maos é. In am trátha thóg sé é agus chuir ar triomú é. Bhrúigh sé le hord mór é, rinne scuitseáil le scuitse láimhe air agus chuir an siostal air. Lá arna mhárach tháinig bean de chuid na comharsan agus túirne ar a gualainn léi. Rinne sí snáth den líon. Bhíodh a lán den tsnáth á úsáid san am, agus thigeadh ceannaithe as Doire á cheannach ar na haontaf. Maidin lá aonaigh an Chraoslaigh dhíol bean Mhicheáil a cuid snátha ar an phingin ab airde. I ndiaidh an cíos a dhíol bhí scilling fágtha aici. Isteach i siopa léi gur cheannaigh unsa tae agus punt siúcra ar shé pingne. Cheannaigh sí naigín uisce bheatha agus cúpla briosca mór leis an chuid eile den airgead.

Bhí Micheál sa bhaile agus gan a fhios aige goidé mar a bhí ag éirí le Máire. Ag teacht di bhí drandán ceoil aici, agus ba mhaith an comhartha sin go raibh gach rud mar a d'iarrfadh a béal a bheith. Níorbh fhada go

dtug sí chun cinn an nuacht, mar a bhí an tae agus na brioscaí. Ansin bhain sí féin agus Micheál sult as an bhiotáille. Ach ní dhearna siad dearmad ar bhuíochas a thabhairt do Dhia agus iad féin is a dteaghlach ag rá an Phaidrín an oíche sin cionn is réiteach dóibh ar uair a ngéibhinn.

Seanmóir i scioból

Nuair a bhí mise i mo ghasúr scoile ba ghnách le mórán daoine as an áit seo dul go hAlbain agus go Sasain. Is iomaí scéal greannmhar a chuala mé fán tsaol iontach a bhíodh acu thall sna tíortha sin. Chuala mé fá fhear amháin a d'imigh go hAlbain as na Rosa Uachtaracha. Fear a bhí ann a raibh clú air mar sheanmóirí sa bhaile. Ach níor thosaigh sé i gceart ar an tseanmóireacht go ndeachaigh sé anonn. Is cosúil gurbh fhusa dó lucht éisteachta a fháil thall ná sa bhaile. Ar dhóigh ar bith, siúd isteach i scioból é tráthnóna amháin agus thosaigh ar an tseanmóir. Níorbh fhada go raibh scaifte breá ina thimpeall ag éisteacht leis.

Ach ní raibh siad gan cuideachta, ainneoin nach raibh a fhios sin acu féin san am. An oíche roimhe sin bhí beirt fhear as an pharóiste seo ina gcodladh sa scioból chéanna. Bhí siad istigh, agus iad ag smaoinc amh ar dhul amach, nuair a mhothaigh siad an boc seo ag teacht isteach. Bhí seanaithne acu air, agus dar leo go bhfanfadh siad go bhfeicfeadh siad an spórt. Cé a ghlac seilbh ar an scioból an oíche chéanna ach fear dubh, agus cá háit, do bharúil, a raibh sé ina chodladh nuair a tháinig an scaifte ach istigh i mbairille sa choirnéal!

Thosaigh fear na Rosann. Tharraing sé air an Sean-Tiomna. 'Cé hé mise agus cé a chuir anseo mé? Oslóidh mé mo bhéal agus lónfaidh an Tiarna é,' ar seisean, a dhó nó trí de chuarta.

Bhí an bheirt fhear as an pharóiste seo ag éirí mífhoighdeach, agus labhair duine acu agus dúirt: 'Is tú Cathal Mac Cába, an báillí as Gaoth Dobhair.'

Chuala na daoine a bhí ag éisteacht an glór, ach ní raibh a fhios acu cárbh as a raibh sé ag teacht. Smaoinigh cuid acu gur glór neamhshaoilta é agus tháinig creathán eagla orthu. Le sin mhúscaill an fear dubh a bhí sa bhairille agus, cibé ionfairt a bhí air, siúd é féin agus an bairille anuas i lár an phobail! Níorbh fhada gur nocht an ceann dubh catach agus na súile móra, a bhí mar a bheadh siad ag damhsa ina chloigeann. Smaoinigh gach aon duine ar an ainspiorad ar an bhomaite, agus as go brách leo go léir.

Bhí beirt fhear ar an doras ag tógáil an airgid. Níorbh fhan siadsan leis an mhéid a bhí ar na plátaí acu a chruinniú, ach chaith uathu na plátaí agus a raibh orthu agus bhain as amach i ndiaidh na codach eile. Níorbh fhaill le beirt fhear na paróiste seo teacht chun tosaigh ansin agus an t-airgead a chruinniú. Fuair siad deich bpunt scaipthe ar an urlár!

Ba é an lá ba tairbhí dár chaith siad riamh in Albain é!

Gleann Bheatha

Ní fada ó m'áit chónaithe an gleann álainn ar a dtugtar Gleann Bheatha. Cúpla bliain sular rugadh mé tharla an gníomh léanmhar millteanach a gcuala mé scéalta go leor ina thaobh sa ghleann chéanna. Níl léamh ná scríobh ná inse béil ar ar fhulaing tionóntaithe bochta Ghleann Bheatha.

Is dóiche nach bhfuil aon duine beo inniu a tháinig tríd an chruatan sin; ach, nuair a bhí mise óg, is iomaí oíche gheimhridh a chaith mé ag éisteacht le m'athair agus le mo mháthair ag caint air. Is fada an lá anois ó chuala mé scéal Ghleann Bheatha an chéad uair, ach tá sé go húr nua i mo chuimhne go fóill.

Tuairim ar dheich míle siar ó Leitir Ceanainn atá Gleann Bheatha, agus é ar áit chomh deas is a gheofá dá siúlfa Éire ó Thoraigh go Clfona agus ó Bhinn Éadair go Gaillimh. Loch istigh ina cheartlár agus cnoic mhóra mar gharda uirthi. Pléisiúr don tsúil agus sásamh don aigne seasamh ar mhala an tsléibhe agus amharc stós uirthi. Fraoch ar gach taobh di. Gan fuaim le cluinstitín ach an lapadánacht ar an scairbh nó méileach uain ar thaobh an chnoic, nó géimneach bó i gciúnas an tráthnóna thíos in fochtar an ghleanna. Ní shamhlófá go dtáinig sé riamh i gcúrsa go gcuirfeadh

dream bocht Gael a mbreithiúnas aithrí isteach ina leithéid d'áit álainn.

Tuairim na bliana 1855 tháinig an duine uasal as Laois chun na háite ar lorg seilge. John George Adair ab ainm agus ba shloinne dó. Deirtear gur thit sé i ngrá le háilleacht na háite ar a feiceáil dó. Bhí an saibhreas amach aige, agus mhaígh sé gur mhaith leis giota den talamh a cheannach.

Ní raibh an bhliain 1858 amuigh go raibh cuid mhaith de ina sheilbh agus údarás de chineál inteacht aige ar an chuid eile de.

Bhí an scéal mar a d'iarrfadh a mbéal a bheith ag na tionóntaithe go dtí sin. Bhí siad féin agus na tiarnaí ag teacht go maith le chéile. Ach tháinig an t-athrú le teacht Adair. Ní hé an dearcadh céanna a bhí aigean is a bhí ag na seantiarnaí. Má thuig seisean gur daoine daonna a bhí ina chuid tionóntaithe, ba chuma leis. Ba mhó aige a shó agus a phléisiúr féin ná só agus aoibhneas an dreama a raibh sé ina mháistir orthu. Níorbh fhada gur léir do na tionóntaithe bochta gurbh é an rún a bhí aige iad a choinneáil faoi smacht, nó a ndíbirt as an áit ar fad.

I mí an Aibreáin cheannaigh sé Gartán, agus bhí dúiche mhór leitheadach ina sheilbh ó sin amach. Thóg sé beairic phéas i nGartán agus rinne sé 'punta' fá choinne callaigh a thógfaí ó dhaoine nach raibh an cíos díolta acu. Níor mhéadaigh sin meas na dtionóntaithe air, má bhí meas acu riamh air.

I mí Lúnasa ina dhiaidh sin siúd suas an cnoc le hAdair, agus gunna ina láimh leis, a sheilg ar ghiota

caoráin a bhí ann. Bhí iontas ar na tionóntaithe, mar thuig siad nach raibh cead seilge ag aon duine ann ach ag Johnson, an tiarna a bhí i réim roimhe sin. Shocraigh siad ar an bhomaite sin a rá leis. Níor chuir siad fiacail ann, ach a rá suas lena bhéal nach raibh cead seilge aige san áit. Ní raibh seisean toilteanach ar ghéilleadh, ná a admháil go mbeadh an lámh in uachtar ag feirmeoirí beaga na háite. Bhagair sé an dlí orthu agus chuir sé lena bhagairt. Ach sin a raibh dá bharr aige. Chaith an Coiste Mór an cás amach.

Chuir fear de na tionóntaithe, Ó Cuirreáin ab ainm dó, an dlí ar Adair ina dhiaidh sin. Tugadh an cás go Baile Átha Cliath. Ba í an bhreith a thug an chúirt go raibh cúis leis an chasaoid a rinneadh ar Adair, ach go raibh leithscéal aige cionn is gur ag seilg a bhí sé san am. Níor shásaigh sin Ó Cuirreáin, agus d'iarr sé athfhéacháil a dhéanamh ar an chás an chéad téarma eile.

Chuir gnaithe seo an dlí an fuath a bhí ag éirí idir Adair agus muintir Ghleann Bheatha ag méadú lá ar lá. Fuair seisean leithscéal inteacht lena lán acu a thabhairt os comhair na cúirte. Cuireadh cuid acu sa phríosún, ach ag cúirt Mhín an Lábáin ligeadh saor iad.

Ní raibh an scéal mar a d'iarrfadh a bhéal a bheith ag Adair, agus mheas sé nach raibh dóigh eile le muintir na háite a chur faoina smacht ach iomlán an talaimh a cheannach, rud a rinne sé. Bhí leadhb mhór aige nuair a bhí sin déanta.

San am sin bhí gnás i measc tiarnaí talaimh i nDún na nGall caoirigh brocacha as Albain a bheith ar na

sléibhte acu. Bhíothas á rá go raibh tairbhe mhór le baint astu. Chuala Adair sin agus fuair sé scaifte de na caoirigh brocacha agus chuir ar na sléibhte iad. Má chuir, nforbh fhada gur cailleadh a lán acu. Chuir sé i leith bhunadh na háite gur ghoid siad a chuid caorach, cé nach raibh fianaise dá laghad aige gur bhain aon duine acu leo.

Tig tubaist ar mhuin tubaiste. Dá mhéad fearg a chuir cailleadh na gcaorach ar Adair, nforbh fhada gur tharla rud ba mheasa go mór ná sin. Cúpla seachtain roimh an Nollaig, sa bhliain 1860, d'fhág an maor a bhí aige a theach i nGleann Bheatha agus tásc ná tuairisc ní bhfuarthas air go ceann dhá lá. I gceann an dara lá fuarthas a chorp amuigh ar cheann de na sléibhte. Chuir sin Adair ar an daorad, mar ní raibh aon amhras air nó gur dúnmharú a rinneadh air. Mhionnaigh sé go ndfbreodh sé gach teaghlach as an áit.

Fuair sé dhá chéad saighdiúir dubh as áiteacha thall agus abhus tríd an chontae, agus scaifte de shaighdiúirí dearga as Baile Átha Cliath le cuidiú leo. Thosaigh an cur amach i mí an Aibreáin, 1861. D'inis m'athair dom go raibh sé ag caint le fear a bhí i láthair an chéad lá agus gurbh í a ghuí maidin agus tráthnóna nach bhfeicfeadh sé go dtéadh ordóg an bháis ar a shúile mar a chonaic sé an lá sin: mná agus uallán léanmhar caointe acu, fir agus an deor ar an ghrua leo, páistí ina rith anonn agus anall agus gach aon scread acu a bhainfeadh deor as an chloich ghlaís, agus gan a fhios acu goidé a bhí cearr.

I dtrátha am dinnéir, an chéad lá, cuireadh amach baintreach bhocht a raibh seisear infon agus mac aici. Ní nach ionadh, ní toilteanach a bhí siad ar a gcroí beag tí a fhágáil, agus gan díon ná foscadh le fáil in áit ar bith eile acu. A fhad is tháinig leo choinnigh siad greim daingean ar cibé trioc a bhí fán teach acu. Ach caith-eadh iad féin agus an trioc amach agus baineadh an ceann den teach agus fágadh ina bhallóig é. Ar feadh thrí lá ní raibh le cluinstitín ach na gártha bróin, ná le feiceáil ach fir agus mná agus páistí á gcur amach agus an ceann á bhaint de thithe.

Ba truamhéileach an t-amharc a bhí le feiceáil fá Ghleann Bheatha le linn an ama sin. Teaghlaigh bheaga laga amuigh ar thaobh na mbealach mór, agus gan os a gcionn le teacht na hoíche ach spéartha neimhe. Iad ina bhfáinne fá na tithe ina gcodlafodh siad go dtí sin. Gan de theas acu ach tinte móna a las siad, mar ba bheag ab fhiú an scriosán beag éadaigh a bhí acu leis an fhuacht a choinneáil amuigh. Agus, mar bharr ar a raibh á fhulaingt acu, thosaigh sé a chur de dhíon is de dheora, ar dhóigh gur fliuchadh go craiceann iad.

Ghoillfeadh an t-anró a fuair siad ar dhaoine óga urrúnta láidre féin, ach bhí fir agus mná a bhí anonn i mblianta ann, cuid acu anbhann agus in easláinte, agus níl scríobh ná léamh ná inse béil ar mar ghoill an fuacht agus an síon agus an fhearthainn orthusan. Níorbh fhada go raibh cuid acu ar shlua na marbh, agus bheadh a thuilleadh acu sa ghlóir, fosta, murab é

gur cuireadh coiste ar bun le fortacht agus tarrtháil a thabhairt orthu.

Chuir an tEaspag Mac Eiteagáin agus cléir na dióise fógra amach, ag iarraidh airgid do na tionóntaithe a caitheadh amach ar thaobh an bhealaigh mhóir, agus nforbh fhada gur thosaigh airgead a theacht isteach as gach cearn den tír. Ina dhiaidh sin tháinig Gaeil Mheiriceá agus na hAstráile chun tarrthála. Leis an mhéid a cruinnfodh bhí an coiste ábalta ar mhórán acu a chur chun na hAstráile.

Ach na seandaoine nach raibh brí iontu, ná dóchas fágtha acu, ní raibh an dara suí sa bhuaille acu ach teach na mbocht a thabhairt orthu féin, áit a bhfuair siad bás go garr ina dhiaidh sin. Ba mhór an sásamh dóibh a fhios a bheith acu, nuair a thiofadh an bás, gur i dtalamh beannaithe na hÉireann a shínfí a gcnámha, nforbh ionann agus a gclann a bhí ar an choigríoch agus nach raibh i ndán dóibh amharc féin a fháil go brách ar an tír ar a raibh grá acu.

Na Fínní

Ní raibh mé ach tuairim ar fhiche bliain d'aois nuair a ghlac mé an mionn a lig isteach sna Fínní mé. Tamall beag roimhe sin cuireadh tús ar an ghluaiseacht ag fir óga ar ghnách leo dul go hAlbain le feirmeoireacht a dhéanamh thall.

Níl feidhm a rá go raibh an Rialtas go láidir inár n-éadan; agus, nuair a bhíodh teachtaireacht le cur ó áit amháin go háit eile, ní hé an post a bheireadh é, mar tuigeadh go raibh contúirt mhór ag baint le scéala a chur leis an phost san am. Bhímis ar ár n-aire i gcónaí, agus mar gheall air chomh cúramach is bhímis ní bhfuair na péas leithscéal ar bith ar ghreim a fháil ar aon duine againn. Bhíodh comharthaí againn, idir focla folaithe agus comharthaí láimhe, agus d'athraímis iad gach mí nó mar sin.

Óscla amháin bhí cruinniú i bpáirc againn in aice mo thí féin. Bhí a lán daoine sa láthair. Nuair a bhí gnaithe an chruinnithe thart, dúirt an fear a bhí i gceannas go raibh teachtaireacht aige le cur ionsar bhall a bhí ina chónaí i gContae Mhaigh Eo. Socraíodh go gcuirfí ar chrainn cé a rachadh ar an teachtaireacht. Cuireadh ainmneacha ar ghiotaí páipéir agus cuireadh i hata iad. Tarraingeadh ceann, agus goidé a bhí air

ach m'ainm féin! Ba mé ab óige den iomlán, agus ar an ábhar sin n'fór mhaith leo a leithéid de chúram a chur orm. Cuireadh na hainmneacha sa hata an dara huair agus thit sé ar mo chrannsa arís dul leis an teachtair-eacht! Bhíothas ag brath ar na hainmneacha a chur sa hata an tríú huair, ach dúirt mise leis na fir gan a shaothar a bheith orthu, go raibh mise toilteanach ar chúram na teachtaireachta a ghlacadh orm féin.

Charbh fhada go raibh mé ar an bhealach agus an teachtaireacht in aice mo chroí i bpóca mo chóta. Tugadh gach faisnéis dom fán bhealach agus fán fhear a raibh an teachtaireacht fána choinne.

B'fhada an turas é. Ní raibh gluaisteán de shórt ar bith ann san am, agus b'éigean dom an mhórchuid den bhealach a chur díom de shiúl cos. Níor cuireadh deifir mhór ar bith orm, agus, mar sin de, ní raibh mé faoi imní agus mé ag tarraingt siar go Connachta.

D'fhág mé an baile agus thug aghaidh ar Leitir Ceanainn. Tríd Mhín an Lábáin a chuaigh mé. Ní raibh aithne agam ar bhunadh na n-áiteacha seo, mar ní raibh mé riamh i Mhín an Lábáin ná i Leitir Ceanainn go dtí sin. Sular fhág mé an Craoslach tugadh ainmneacha daoine dom a dtiocfadh liom mé féin a chur in aithne dóibh. Insfodh dom go dtabharfadh siadsan cuidiú nó eolas ar bith a bheadh a dhfobháil orm dom. Daoine a bhí sna Fínní iad. Casadh mórán acu orm le linn an turais, agus, nuair a chuala siad cé a bhí acu ann agus na gnaithe ar a raibh mé, bhí fearadh na fáilte acu romham. Ní hé amháin go bhfuair mé mo ghreim agus mo dheoch uathu, ach fuair mé leaba le

codladh uirthi agus beagán airgid fosta. Chaith mé a trí nó a ceathair de laetha mar sin sular scar mé leis an chontae.

Bhain sé corradh le seachtain asam teacht as Dún na nGall go Contae Mhaigh Eo, agus ní raibh mé buartha nuair a bhí ceann an chúrsa bainte amach agam, mar bhí mé tuirseach den bhealach. Ní raibh mé ar mo chois i rith an bhealaigh; bhí an tracin le fáil in áiteacha agam. Thug sin cineál de sciste dom. Taobh amuigh de mo chontae féin casadh mórán de na Fínní orm, agus ba mhór an cuidiú iad le mo threorú ar an bhealach cheart.

Ar theacht go Sligeach dom bhí aonach mór ar siúl ann. Casadh fear orm a d'éirigh mór liom, agus chuidigh mé leis eallach a chur ar bord soithigh a bhí le seoladh go cuan inteacht i Sasain. Ar theacht go Contae Mhaigh Eo dom ní raibh moill orm an fear a raibh an teachtaireacht agam fána choinne a fháil. Bhí a chuma air go raibh sé ag fanacht leis an scéala a bhí liom. Fear deas carthanach mórchroíoch a bhí ann, agus bhí míle fáilte aige romham nuair a d'inis mé mo ghnaithe dó. Ceannaf mór callaigh a bhí ann. Dálta cheannaithe eile, is annamh lá nach mbíodh sé ar aonach in áit inteacht. Thug sé cuireadh domsa a bheith leis ar chuid de na haontaí go bhfeicfinn an tír.

Le linn mo chuairte bhí aonach ar siúl in áit cóngarach don Chnoc. Tamall beag roimhe sin a chonaic na daoine an Mhaighdean Mhuire ar an Chnoc. Bhí tarraingt na sluaite ar an áit. Chaith sinne dhá lá ann. Bhí teach an phobail lán go doras ar feadh an ama sin.

Bhí daoine ann a raibh gach aon chineál aicíde agus tinnis orthu, agus iad go léir ag guí go dúthrachtach os comhair na haltóra. Ba mhór a choscair sé mé a oiread easláinte a fheiceáil is a chonaic mé sa teach pobail úd. Bhí mórán acu sean, creapalta, gan lúth na gcós ná na lámh acu. D'fhan siad ina suí i rith na hofche agus iad ar a nglúine i dteach an phobail. Tá mé mar fhianaise ar mhforúilt a rinneadh i dteach pobail an Chnoic an uair sin. Go dté ordóg an bháis ar mo shúile ní dhéanfaidh mé dearmad de.

Bhí mé, mar dhuine, i dteach an phobail an oíche atá i gceist agam. I measc an tslua bhí bean mheánaosta a raibh cos ghairid uirthi. I lár na hofche, agus an ciúnas thart timpeall orainn, cluineadh an scairteach agus an bheiceach ag an mhnaoi mheánaosta. Rith cúpla duine chun tarrthála. Bhí rún ag cuid againn a hiompar amach, mar bhí tuairim againn gur titim i laige a rinne sí. Bhí cúpla sagart sa láthair, agus d'iarr siad orainn a fágáil mar a bhí sí. Bhí an bhean bhocht san am ar crith ó bhaithis go bonn. D'fhan sí ina luf ar feadh tamaill, agus ansin, glóir do Dhia, d'éirigh sí ina seasamh slán!

Ní feidhm dom a rá gur chuir a bhfaca mise an oíche sin mé a mheabhrú i mo chroí. Agus tá mé cinnte gurb amhlaidh a bhí an scéal ag gach duine a raibh sé de phribhléid aige an mhforúilt a fheiceáil lena shúile cinn mar a chonaic mise í.

I gceann cúpla lá ina dhiaidh sin d'fhág mé slán ag Contae Mhaigh Eo agus thug aghaidh ar an bhaile. Ba ghearr ina dhiaidh sin gur cuireadh na Fíníní faoi

bhanna na hEaglaise. Cuireadh fógra amach nach mbeadh aspalóid le fáil ó sin amach ag aon duine a mbeadh baint nó páirt dá laghad aige leo. Dá thairbhe sin d'éirigh mise agus na baill eile astu. Tá an mhórchuid de na fir a bhí sna Fínní an uair úd ar shlua na marbh anois.

Go ndéana Dia grásta orthu go léir!

Turas go hAlbain

Nuair a bhí mé i m'fhear óg, ba chosúil mé le gach aon duine de m'aois sa dóchas go bhfaighinn faill uair inteacht ar dhul thar sáile. Bhí mórán againn san áit seo agus ganntanas oibre ag cur orainn. Bhí dúil san obair againn, agus ghoill sé go mór orainn a bheith ag spaisteoireacht anonn is anall agus ár lámha inár bpócaí againn, agus gan obair le fáil againn a chuirfeadh croí agus aigne ionainn. Níorbh iontas, ar an ábhar sin, go dtéadh a lán d'fhir óga na háite go Sasain agus go hAlbain nuair a bhíodh an obair fairsing sna tforta sin.

Bhí triúr dearthár dom, mar bhí Peadar, Proinsias agus Dónall, in Albain san am ar a bhfuil mé ag trácht. B'fhada Peadar thall. Bhí sé pósta, agus é ina chónaí i nGlaschú. Bhí trí cloigne déag clainne aige. Tuairim ar dhaichead bliain ó shin d'fhág Proinsias Albain agus d'imigh chun an Oileáin Ùir. Chuaigh Dónall anonn, fosta, agus fuair sé bás thall tá cúpla bliain ó shin ann.

Smaoinigh mé féin ar dhul go hAlbain. D'iarr mé ar chúpla fear óg as an chomharsanacht a bheith liom. B'éigean dom mo rún a choinneáil ceilte ar m'athair, mar bhí a fhios agam nach mbeadh sé sásta mo ligean

chun siúil ó tharla gan aon duine eile fá bhaile aige le cuidiú a thabhairt dó fán áit. Shocraigh mé féin agus Seosamh Mac Aoidh agus Séamas Mac Fhionnacle go n-imeodh an triúr againn, gan fhios.

An t-earrach a bhí ann. Ní raibh mise ach tuairim ar fhiche bliain d'aois san am. B'fhurasta leithscéal a chumadh a chuirfeadh ár muintir thar a gcoimhéad go mbeimis imithe. Bhí teach sa chomharsanacht a mbímis ag airneál ann go minic. An oíche a bhí socair againn ar imeacht dúirt muid go raibh damhsa le bheith sa teach seo agus go mb'fhéidir nach mbeimis ar ais go maidin. San am chéanna lig muid an rún le daoine áirithe ar a raibh aithne againn, ar dhóigh go n-inseodh siadsan dár muintir gur go hAlbain a chuamar, nuair a rachadh an cuartú orainn lá arna mhárach. Bhí a fhios agamsa go maith go mbeadh mo mháthair as a céill lá arna mhárach nuair nach mbeadh tasc na tuairisc ormsa. Bhí a fhios agam go silleadh sí gur caillte a bhí mé, sin nó i dtrioblóid inteacht.

Chaith sinn cuid mhaith den oíche ag airneál i dteach a bhí tuairim ar leathmhíle ón teach seo againne. Tamall roimh spéartha an lae d'fhág muid slán ag bunadh an tí agus thug aghaidh ar Leitir Ceanainn. Bhí an ghrian ag éirí nuair a nocht spuaic na hard-eaglaise agus sinn ag teacht isteach go Leitir Ceanainn. Bhí tuirse mhór orainn agus gach duine againn a chóir a bheith ag titim as a sheasamh leis an ocras.

Go hádhúil, bhí cúpla scilling curtha i dtaisce i mo phóca agamsa. Beidh iontas ort cá bhfuair mé iad. Seo mar a tharla: sular fhág mé an teach tráthnóna

smaoinigh mé ar riachtanas an airgid ar ócáid den tsórt a bhí fúinn. Ní raibh pingin ná bonn agam féin, agus ní ligfeadh an eagla dom dada a iarraidh ar m'athair, mar bhí a fhios agam go maith gurb é an chéad rud a dhéanfadh sé ceist a chur orm goidé an gnaithe a bhí agam leis an airgead. Agus, dá n-insinn sin dó, bheadh deireadh le mo thuras go hAlbain. Bhí deirfiúr agam, Eilís ab ainm di, agus déanamh éadaí an cheird a bhí aici. Bhí pingneacha beaga airgid cruinn aici, agus mheas mé nár dhochar cuid de a thabhairt liom agus a chur ar ais chuici chomh luath is a bheadh sé saothraithe agam. Ar dhóigh ar bith ghéill mé do na cathuithe agus thug mé liom an méid a mheas mé a bheadh de dhíth orm. Ba mhaith againn é i Leitir Ceanainn, mar ní raibh rathúnas airgid ar bith ag an bheirt a bhí liom.

Nuair a bhí greim bia caite againn, thug muid aghaidh ar Dhoire de shiúl cos. Bhí na cosa nimhneach agus an-nimhneach sula dtáinig muid a fhad leis an chathair sin. Níorbh iontas ar bith sin, mar bhí suas le daichead míle siúlta againn ó d'fhág muid an baile. Bhí a fhios againn go mbeadh an bád ag fágáil ché Dhoire an tráthnóna céanna sin; agus, cé go raibh na bróga ag luf ar na cosa againn agus sinn sáraithe go leor, b'éigean dúinn deifir a dhéanamh ar eagla go gcaillfimis an bád. D'éirigh linn breith uirthi, agus is orainn a bhí an lúcháir nuair a chuaigh muid ar bord, mar bhí muid marbh tuirseach closte i ndiaidh an turais fhada a bhí siúlta againn.

Ní raibh mise ar bord loinge riamh roimhe sin, agus

bhuail tinneas farraige mé sula raibh an long amuigh thar bhéal an locha. Ní suaimhneas ná pléisiúr a bhí i ndán dom ón bhomaite sin go dtáinig an soitheach i dtír thall. Is orm a bhí an t-áthas nuair a tháinig muid i dtír i nGlaschú, mar is mé a bhí breán den long a thug thar Shruth na Maoile sinn.

Bhí aithne againn ar a lán daoine as an bhaile a bhí ag obair in Albain, agus níos chuir muid am ar bith sa dul amú ach imeacht a chuartú cuid acu. I mbaile mór Ghobhan casadh lucht aitheantais go leor orainn. Ofráladh obair dom ann agus, dar ndóigh, is orm a bhí an lúcháir obair a fháil. Fuair stócach a bhí ar an scoil i mo chuideachta obair dom i muileann adhmaid. Cuireadh a shábhadóireacht adhmaid mé agus chonacthas dom go raibh mé ar mhuin na muice, mar bhí saol socair suaimhneach agam agus pá mhaith go leor.

Bhí gach rud ag gabháil ar aghaidh mar a d'iarrfadh mo bhéal a bheith ar feadh trí seachtaine. I gceann na trí seachtaine cé a bhuail isteach chugam ach mo dheartháir Peadar. Bhí mé go díreach i ndiaidh cibé airgead a bhí cosanta agam a fháil. D'aithin mé air nach dea-rud a sheol ionsorm é. Bhagair sé siúd agus seo orm mura bpillfinn chun an bhaile ar an bhomaite. Cead fanacht lá, nó leath lae féin, ní thabharfadh sé dom. Is mé nach raibh sásta. Dúirt sé go raibh go leor oibre romham sa bhaile dá ndéanfainn í, agus go raibh m'athair agus mo mháthair ag feitheamh go géar liom.

Scríobh mé cúpla litir chun an bhaile agus d'inis dóibh go raibh mé ag obair, agus breá sásta leis an obair a bhí agam. Ní dhearna mé dearmad an t-airgead

a thug mé liom ó mo dheirfiúr a chur chuici, chomh luath agus a bhí sé saothraithe agam agus an lóistín díolta agam. Shíl mé go bhféadfainn Peadar a bhladar le cead a thabhairt dom fanacht tamall beag eile. Ach bheadh sé chomh maith agam a bheith ag caitheamh cloch ar an ghealaigh: ní éistodh sé liom. Ar eagla nach rachainn chun an bhaile, nór fhág sé mé go bhfaca sé ar bord loinge ag triall go hÉirinn mé!

Dúil i leabhair

Ba mé an chéad oifigeach a toghadh i bparóiste Chluain Dá Chorcaigh le hamharc i ndiaidh fhreastal na bpáistí ar na scoileanna. B'iontach ádhúil mar a tháinig an post i mo bhealach. Bhí mé an-mhór san am le fear darbh ainm Mac Murchaidh a bhí ina chléireach in oifig an tiarna talaimh i nDún Fionnachaidh. I mBéal Feirste a bhí sé ina chónaí, ach thigeadh sé go Tír Chonaill a chruinniú an cíos. Is minic a dhíol mé cíos mo ghabhálaí leis, agus caithfidh mé a rá gur duine uasal amach is amach a bhí ann. Is iomaí uair a bhí caint agus comhrá suimiúil agam leis. Thug sé fá deara an dúil neamhchoitianta a bhí agam i leabhair. Bhí moll leabhar aige féin nach bhfaca mé a leithéid riamh. Fear oilte colach a bhí ann, agus thiocfadh leis labhairt go céillí siosmaideach ar a lán ábhar léinn. Thug sé cead dom leabhar ar bith dá raibh aige a thabhairt liom ar iasacht agus a léamh ar mo shuaimhneas.

Uair amháin chuir sé ceist orm an raibh leabhar ar bith nach raibh agam ab a mhaith liom a fháil. Bhí mé san am ag foghlaim léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge agus dúirt mé gur mhaith liom go mór cóip den fhoclóir a chuir an tAthair Ó Duinnín i

gceann a chéile a fháil. Ba ghearr ina dhiaidh sin go dtáinig an leabhar luachmhar chugam. Is mór a chuidigh an leabhar sin liom agus mé ag foghlaim na Gaeilge. Ní raibh acmhainn agam féin leabhar chomh daor leis a cheannach, agus is mé a bhí buíoch den fhear a chuir i mo bhealach é. Tá foclóir Uí Dhuinnín chomh cúramach agam inniu is a bhí sé an chéad lá.

Bhí Mac Murchaidh ar dhuine de na daoine a bhí ar an choiste a cuireadh ar bun leis an dlí a bhain le freastal na bpáistí ar na scoileanna a chur i bhfeidhm. Chuir cuid mhaith iarrthóirí isteach ar an phost mar oifigeach le hamharc i ndiaidh an fhreastail. Nuair a tháinig na hainmneacha os comhair an choiste agus tógadh guthafocht fuarthas go raibh mé féin agus fear darbh ainm Seán Mac Fhionnaste as Dún Fionnachaidh ar an chothrom le chéile. Is é an Sagart Mac Pháidín as Cloich Cheannfhaolaidh a bhí ina chathaoirleach ar an choiste. D'inis sé dom go raibh a vóta geallta aige do Mhac Fhionnaste, ach go raibh an dara vóta aige mar chathaoirleach agus nuair a chonaic sé goidé mar a bhí nach dtug sé an dara vóta sin, agus ar an ábhar sin gurbh éigean an toghadh a chur siar go mbeadh cruinniú eile ann. Sagart as mo pharóiste féin, a rugadh ar an Chaiseal, an Sagart Mac Pháidín. Bhí aithne mhaith agam air agus bhí carthanas i gcónaí eadrainn.

Ar an dara cruinniú den choiste bhí mo chara Mac Murchaidh agus Aodh A. Law sa láthair. Ní raibh ceachtar den bheirt ar an chéad chruinniú. Bheadh siadsan ar mo thaobhsa, ach idir an chéad chruinniú

agus an dara cruinniú d'athraigh Mac Fhionnasle a intinn fán phost agus ba é an míniú is réiteach a bhí ar an scéal gur fágadh agamsa é.

Ní raibh obair rómhór ag baint leis, ná airgead rómhór ag dul leis an phost—trí phunt déag sa bhliain. Ní raibh locht agamsa air. Bhí mé buíoch go leor as a fháil. Seacht gceantair a bhí faoi mo chúram, mar a bhí an Caiseal, Cill Mhac Lughá, an Mhaigh Ruadh, Más an Easa, Dún Fionnachaidh agus Droim na Rátha. Bhí scoil i ngach gceantar díobh sin an uair úd, ach druideadh scoil an Chaisil ó shin.

B'fthurasta an freastal a mholadh an t-am a ghlac mise an obair idir lámha. Ba léir dom nach ar na daoine ar fad a bhí an locht dá bharr sin. Bhí an chuid ba mhó díobh bocht, agus níor luaithe mac nó iníon leo in inmhe pingin a shaothrú ná siúd ar fostó acu iad. Le linn an fhómhair bhíodh an té nach mbíodh ar fostó ag cuidiú leis an athair fán bhaile. I m'óigese ní mór a mbíodh le déanamh ag máistir na scoile in aimsir an fhómhair, mar bhíodh gach duine a bhí ábalta ar rud ar bith a dhéanamh amuigh sa pháirc ag cruinniú an arbhair nó ag toghadh phrátaí. Ní raibh dlí ar bith ann an uair sin a chuir d'fhiachaibh ar pháistí dul chun na scoile.

Ach leis an dlí nua a tháinig i bhfeidhm bhí ar aithreacha agus mháithreacha a glann a choinneáil ar scoil go sroicheadh siad aois a gceithre bliana déag. Chonacthas domsa, ón chéad lá a ghlac mé obair an phoist a tugadh dom, nach rabhthas ag tabhairt chothrom na Féinne do dhaoine bochta a raibh d'fhiach-

aibh orthu a gclann a choinneáil buan ar scoil. Is iomaí cuidiú a thiocfadh le páistí a thabhairt fán bhaile, le linn an earraigh agus an tsamhraidh agus an fhómhair, a rachadh chun tairbhe do dhaoine nach raibh acu ach ón láimh go dtí an béal. Ar an ábhar sin mheas mé nach dtiocfadh liom an dlí a bhain le freastal na bpáistí ar na scoileanna a chur i bhfeidhm gan éagóir a dhéanamh ar mhórán de mo chomharsana.

An chéad fhaill a fuair mé mhínnigh mé sin don choiste. Thuig siadsan an scéal mar bhí sé tuigte agamsa, agus cuireadh rún i bhfeidhm nach gcuirfí an dlí ar dhaoine a raibh leithscéal maith acu lena gclann a choinneáil sa bhaile a chuidiú leo in obair na feirme, nó lena gcur ar fostó. Ba mhór an sásamh domsa an socrú sin, mar bhí a fhios agam gur chrua a ghoillfeadh sé ar aithreacha agus mháithreacha mura mbeadh cead acu a gclann a chur chun an Lagáin ar fostó le linn an tsamhraidh.

D'ainneoin a bhfuil ráite agam, ná tuigeadh duine ar bith go raibh an freastal go hólé san am ar a bhfuil mé ag caint. Bhí fonn oideachais ar an aos óg chomh mór is a bhí riamh roimhe sin nó ó shin.

D'éirigh na daoine an-mhór liom nuair a chuala siad gur de thairbhe mo chomhairle a fuair siad cineál de chead a gclann a ligean ar fostó roimh aois a gceithre bliana déag. Níl léamh ná scríobh ná inse béil ar an bhufochas a bhí acu orm. Agus, dar ndóigh, bhí lúcháir orm féin gurbh amhlaidh a bhí. Níor mhaith liom mo chomharsana a chur i m'aghaidh ar mhaithe leis an phost bheag shuarach pháirtaimesire a bhí agam.

Mar sin féin, rinne mé mo dhícheall leis an dlí a chur i bhfeidhm, agus d'éirigh liom sin a dhéanamh gan ach dhá ghairm cúirte a bhaint amach ar feadh na gcúig bliana a bhí an post agam.

Tháinig scéala chugam go raibh cuid de na máistrí scoile míshásta leis an dóigh a raibh mé ag déanamh mo chuid oibre, agus creidim go ndearna duine nó beirt acu gearán i m'éadan. Is fíor nach raibh mé róchrúa ar aithreacha a raibh a gclann ag déanamh droch-fhreastail ar an scoil. Leis an fhírinne a rá, ní ligfeadh mo chroí dom a bheith róchrúa orthu. Nuair a tinn páistí gan teas éadaigh, gan bróga ar a gcosa, agus gan mórán bia le cur ina mbéal, ní ligfeadh an trua dom an dlí a chur ar a n-aithreacha mura raibh na páistí sin ag freastal na scoile mar ba cheart.

Leithchéad bliain ó shin ní raibh rothar ná gluaisteán le feiceáil in aon áit, ach níos chroinaigh aon duine uaidh iad. A fhad is a bhí an tsláinte agus lúth na gcánámh ag duine bhí sé ábalta ar bhogadh thart gan gléas iompair ar bith den tsórt. Is iomaí lá a shiúil mise go Dún Fionnachaidh agus ar ais gan tuirse dá laghad a mhothachtáil.

Conradh na Talún

Bheir seo in mo cheann aimsir Chonradh na Talún, gluaiseacht ar chuir m'athair suim mhór inti agus ar ghlac sé páirt inti. De réir an achta a bhí i bhfeidhm roimhe sin bhí cead ag na tiarnaí talaimh agus ag na tionóntaithe teacht le chéile agus margadh a dhéanamh fá laigse sa chíos. Ní raibh m'athair toilteanach ar dhul i gcomhairle leis an tiarna i nDún Fionnachaidh ar chor ar bith fá ghnaithe an chíos, agus tugadh an cheist os comhair na cúirte. D'fhág an chúirt an cíos mar a bhí. Chuir tionóntaithe eile sa pharóiste ceist a gcíos os comhair na cúirte, agus in áit laghdú a fháil, is amhlaidh a hardaíodh an cíos ar chuid acu!

Bhí Conradh na Talún láidir go maith san áit san am, ach ba iad na Caitlicigh amháin a raibh baint acu leis. Ba láidre é, agus ba mhó an toradh a bheadh ar a n-iarratas, dá mbeadh lucht gach creidimh páirteach ann. Mar sin féin, caithfear a rá gur chuidigh an callán a thóg an Conradh le feabhas a chur ar shaol na bhfeirmeoirí, mar tháinig laghdú beag sa chíos dá bharr. Agus níorbh iad na Caitlicigh amháin a fuair cibé buntáiste a bhí le fáil; bhí lucht gach creidimh réidh lena gcuid di a bheith acu féin mar chách!

Rinneadh cineál de bhagheat ar fheirmeoirí nach

raibh sásta a bheith páirteach i ngluaiseacht Chonradh na Talún. Mar shampla, lá aonaigh an Chraoslaigh ní bhíodh caint ná caidreamh ná ceannach eatarthu féin agus a gcomharsana. Ní bhíodh ceannaf ar bith le pingin a o fráil dóibh ar a gcuid eallaigh nó ar a gcuid muc. Le dól a fháil ar na muca bhíodh orthu a dtabhairt go Doire. Bhí muileann lín sa pharóiste agus fágadh d fomhaoín ansin é ar an ábhar chéanna. Crosadh ar na páistí féin labhairt nó beannú sa ród do na daoine nach raibh páirteach i gConradh na Talún. Ba bhall de bhail an choiste a bhí ar an Chonradh san áit m'athair. Bhí sé tógtha go mór leis an chúis go bhfuair sé bás. D'fhulaing na daoine bochta nach raibh a dtoil leis an ghluaiseacht go leor ar feadh an ama ar a bhfuil mé ag caint, ach má d'fhulaing féin, is beag duine acu a ghéill.

Bliain na Braite

Ba mhaith an scéalaf mo mháthair. Is iomaí scéal breá a chuala muid uaithi agus sinn óg. Is trua liom nár chuir muid a oiread suime iontu agus ba cheart dúinn. Beidh cuimhne go deo agam ar an dóigh aoihbhinn neamhurchóideach a gcaithimis na hoícheanna fada geimhridh. Dálta mar a bhíos inniu, bhíodh ceachtanna scoile le scríobhadh agus le foghlaim againn. Mura raibh tairbhe ar bith eile ag baint leo, ba mhór an cuidiú iad le tamall den oíche a chur thart. Tuairim ar a hocht a chlog bhíodh obair na scoile déanta againn. Ní bhíodh caitheamh aimsire ar bith againn ansin arbh fhiú labhairt air. Ní bhíodh cead againn dul amach de shiúl na hoíche. Bhíodh an aimsir doineanta go minic, agus siocán crua ann, agus ba mhór an chontúirt dul taobh amach de dhoras sa dorchadas. Bhí an teach seo againne suite in áit chomh huaigheach is a bhí sa chontae, agus gan cuideachta le fáil thall ná abhus. Ní raibh bealach mór féin i ndeas dúinn, agus bhíodh an eagla i gcónaí ann gur ar seachrán a rachaimis dá dtéimis amach i ndorchadas na hoíche. Ar an ábhar sin, a chois na tine ag éisteacht le scéalta a bhímis oícheanna fada geimhridh.

Tá dearmad déanta agam de mhórán de na scéalta

a chuala mé ach coinneoidh mé cuimhne i gcónaí ar 'Bhliain na Braite.' An bhliain 1847 a bhí ann. Bhí mo mháthair ina girsig san am. Ba mhinic a d'inis sí dúinn fán staid bhocht agus fán anás a bhí ar dhaoine an bhliain sin. De réir mar a chuala mé ó mo mháthair, bhí an saol chomh crua ar mhuintir na háite seo agus a bhí ar mhuintir áite ar bith eile.

Giota beag siar ón teach a bhfuil mé i mo chónaí ann tá seanbhallóg. I mbliain an drochshaoil bhí brat - sú glasraí - á déanamh réidh ann agus á roinnt ar na daoine bochta a bhíodh ag titim as a seasamh leis an ocras. Roinntfí f de réir an riachtanais agus méid an teaghlaigh. San am chéanna bhíodh na fir ag obair ar na bealtaí móra agus deich bpingne sa lá acu. Bhí m'athair féin mar cheann urraidh ar scaifte fear a bhí ag obair i bhFánaid agus leathchoróin sa lá aige. Shíl gach aon duine gur mhór an phá lae é.

I dtaobh roinnt na braite, bhí riail ann go gcaithfeadh fear an tí teacht fána coinne. Chuala mé mo mháthair á rá go bhfaca sí fir ag obair sa phortach agus, leis an bhrat a fháil, gurbh éigean dóibh a gcuid oibre a fhágáil agus imeacht le lán canna a thabhairt chun an bhaile. B'iomaí teaghlach mór lag nach raibh de bhia acu i mbliain an drochshaoil ach an bhrat chéanna.

Ag foghlaim na Gaeilge

Is dóiche gur cheart dom beagán a rá fá na smaointe a spreag mé le léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge a fhoghlaim. Mar atá ráite agam cheana féin, níor tugadh uchtach ar bith dúinn ar Ghaeilge a labhairt nuair a bhí mise in mo thachrán ar scoil. Ghoill sin ar mo leithéidse, mar ní raibh de theanga againn sa bhaile ach an Ghaeilge. Ar dhul chun na scoile dúinn cuireadh ina luí orainn gurbh fhearr agus gurbh úsáidí an Béarla, agus, mar sin de, chloígh muid lena fhoghlaim. D'éirigh linn maith go leor, ach mar sin féin, b'fhearr linn an Ghaeilge i gcónaí, agus féadann tú a bheith cinnte nár lig muid i ndearmad í.

B'fhada an scoil fágtha agam sula bhfuair mé faill ar an Ghaeilge a fhoghlaim i gceart. Bhí mé corradh le fiche bliain d'aois nuair a tháinig mian orm beagán eolais, thar mar a bhí agam, a chur ar an teanga. Cheannaigh mé na leabhair bheaga thairbheacha sin a chum an sár-Ghael sin, An Creagach. I ndiaidh an lá bheith istigh agam, ag obair sa chuibhreann nó sa phortach, chaithinn páirt mhaith den oíche ag déanamh staidéir ar na leabhair chéanna. Bhí an chéad leabhar breá simplí, agus na cinn eile ag éirí beagán níos deacaire de réir a chéile. D'fhóir siad domsa go

breá. Uair ar bith dá dtáinig rud trasna orm nár thuig mé i mo shásamh, bhí mo mháthair nó m'athair láimh liom le cuidiú liom a réiteach.

De réir mar a bhí ag éirf liom sna leabhair, is amhlaidh is mó a bhí dúil ag teacht chugam sa léann uasal a bhí á dhéanamh agam. Níorbh fhada go raibh mé ábalta ar chuid mhaith a léamh agus a scríobh gan trioblóid. Ba ghearr gur mhothaigh mé ganntanas leabhar Gaeilge ag cur orm. Go hádhúil, bhí cairde agam le leabhair a chur chugam. Ar na daoine a thairg leabhair Ghaeilge a chur ionsorm bhí Séamas Mac Mánasa, údar clúmhaíl a chaitheas cuid dá shaoil ina chónaí i dTamhnach an tSalainn.

Cuireann sin i mo cheann an dóigh a bhfuair sinn aithne ar a chéile. San am ar a bhfuil mé ag caint, ba ghnách liom giotaf filíochta a chumadh agus a chur ar an pháipéar. Bhí spéis ag Séamas san fhilíocht, agus is dóiche gur léigh sé cuid de mo shaotharsa. Uair amháin tháinig sé ar cuairt an bealach seo lena chara, an Máistir Ó Baoill, a bhí ag teagasc scoile i nDroim na Rátha, a fheiceáil. Tháinig an bheirt acu chun an tí seo againne tráthnóna amháin, mar d'inis an Máistir Ó Baoill don strainséir gur mise a chum an fhilíocht a chonaic sé ar an pháipéar. Ba mhór an onóir domsa teacht an duine uasail seo le m'fheiceáil. B'iomaí uair a chuala mé trácht ar a mhórshaothar mar údar. Bhí fáilte chrofuil agam roimh an bheirt, agus níorbh fhada go raibh mé féin agus an strainséir mar bheirt a mbeadh seanaithne acu ar a chéile.

As an chomhrá fhada shuimiúil a bhí eadrainn thuig

Séamas go raibh mé tógtha go mór leis an Ghaeilge. I ndiaidh dó dul chun an bhaile chuir sé leabhair ionsorm. Fuair mé leabhair mar an gcéanna ó mo sheanchara, Tomás Bán Ó Concheanainn. Ba mhór an cuidiú dom na leabhair sin. Agus ba mhaith agam an Máistir Ó Baoill le ceisteanna crua gramadaí a réiteach agus le leabhair a bhronnadh orm.

Fuair mé cuidiú eile ó Shéamas Mac Mánasa. Thug sé comhairle dom fá mhórán rudai a bhain le cumadh na filíochta, agus caithfidh mé a rá gur bhain mé tairbhe as an chomhairle sin agus mé ag cumadh filíochta mar chaitheamh aimsire go minic ó shin.

D'ainneoin a bhfuil ráite agam, caithfidh mé a rá gur ar mo chonlán féin is mó a d'oibrir mé agus mé ag foghlaim na Gaeilge. Ní raibh baint ar bith agam le ranganna ná le scoil ná le coláiste. Bhí an chaint agam, agus ní raibh a dhíth orm ach cleachtadh a fháil ar léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

Chuir mé suim mhór in ainmneacha na luibheanna. Bhí cuid mhór luibheanna ag fás timpeall na háite, agus ba é mo mhian a n-ainmneacha go léir a fhoghlaim. D'fhoghlaim mé sin ó mo mháthair. Fuair sise na hainmneacha ó uncal a bhí aici darbh ainm Ó Gallchoir. Bhí seisean ar shlua na marbh sula dtáinig mise in aois. Seandochtúir a bhí ann, agus ba ghnách leis a bheith ag siúl na tíre ag leigheas gach cineál aicíde agus galair le luibheanna. Roimh aimsir na ndochtúirí a bhfuil aithne againn orthu anois a bhí seisean agus a leithéid féin eile ann.

Marú Thiarna Liatroma

Ar maidin an dara lá den Aibreán, 1875, a maraíodh Tiarna Liatroma. Fear a raibh cumhacht mhór aige a bhí ann. Bhí uaisleacht ag baint leis, ach bhí sé cruachroíoch neamhthrócaireach leis na tionóntaithe a bhí faoina smacht. Bhí saibhreas aige agus suas le céad míle acra talaimh ina sheilbh, idir a raibh aige sa chontae seo agus i gContae Chill Dara agus i gContae Liatroma. Bhí teach mór galánta aige i dTír Chonaill, in aice leis an Mhaoil Ruaidh. Ba ghnách leis cuid mhaith den bhliain a chaitheamh ann.

Dálta thiarnaf talaimh eile, ní ligfeadh a nádúr dó cothrom na Féinne a thabhairt dá thionóntaithe, agus níorbh iontas ar bith go raibh an fuath ag muintir na háite air. As an fhuath tháinig an rún dfoltais. Cúpla bliain sula dtáinig an bás uafásach ar an duine ghránna rinneadh iarraidh ar a mharú thuas i gContae Liatroma. Ó sin amach bhíodh sé an-chúramach fána bheo. Deirte, le linn m'óigese, nár shuigh sé chun tábla a chaitheamh bia ina dhiaidh sin gan gunna a bheith faoina láimh.

An lá mí-ámharach ar a bhfuilimid ag caint, d'fhág sé a theach, trí mhíle taobh ba thuaidh de Bhaile na nGallóglach, le dul go Doire. Ar carr a bhí sé. Fear de

mhuintir Buchanan a bhí ina thiománaí. Bhí cléireach ar an charr fosta. Bhí carr eile ina ndiaidh agus áidseán darbh ainm Kincaid air. Nuair a tháinig an dara carr a fhad leis an Chreatlach – áit a bhfuil coill fá ghiota bheag de Bhaile na nGallóglach – bhí airdeacht bheag sa bhealach mhór agus chuaigh carr an tiarna as amharc ar an taobh eile ar feadh tamaill bhig. Ar theacht do Kincaid go barr na malach tí sé beirt fhear ag bualadh rudá inteacht i lár an bhealaigh roimhe. I bpreabadh na súl siúd ina rith iad ag tarraingt ar an Mhaoil Ruaidh. Chuaigh siad ar bord báid a bhí ansin agus ar shiúl leo.

Bhí an tiarna ina luf marbh i lár an bhealaigh mhóir, agus é buailte go millteanach fán aghaidh, nuair a tháinig carr Kincaid anfos. Bhí an tiománaí marbh fosta, agus an cléireach sna smeachanna deireanacha. Cuireadh eisean ar an dara carr lena thabhairt go teach an dochtúra, ach d'fhág an anáil é sula dtáinig leis an dochtúir amharc air.

Nuair a bhí mise óg, is é an scéal a chuala mé go raibh triúr fear páirteach i marú Thiarna Liatroma, ach go ndeachaigh fear acu i laige agus gurbh éigean d'Thear den bheirt eile tarrtháil a thabhairt air. Nach raibh fágtha ach an treas fear leis an obair a chur i gcrích.

Bhí an t-ádh orthu gur éalaigh siad mar a d'éalaigh, mar bhí gunna ar iompar leis an tiarna, agus é réidh lena láimhseáil dá mbeadh feidhm aige air. Ach thángthas gan mhothú air. Ina chuideachta sin, maidin chrua shiocáin a bhí ann agus bhí miotóga

móra olla air nach dtiocfadh leis a bhaint de in am.

Chuaigh an scéala amach ar an bhomaite gur maraíodh Tiarna Liatroma, agus níorbhfhada go raibh na saighdiúirí dubha ar thóir na ndúnmharfóirí. Ba doiligh a rá cé a rinne an marú. Rugadh ar dheichniúr, agus hofráladh suas le cúig mhíle punt do dhuine ar bith a dtiocfadh leis fianaise chinnte a thabhairt in éadan na bhfear a rinne an gníomh.

Scéal a chuala mé, agus creidim go bhfuil bun fírinne leis: bhí saighdiúir dubh ann san am agus é ag coinneáil cuideachta le cailín fhíos i bhFánaid. Tháinig sé ina cheann go raibh níos mó colais ag an chailín fán mharú ná mar a bhí sí ag ligean uirthi leis-sean. Thosaigh sé a bhladar léi, ag déanamh go meallfadh sé an t-eolas a bhí aici, dar leis, uaithi. Leis an fhírinne a dhéanamh, bhí a fhios ag an chailín chéanna cérbh iad an triúr fear a d'éalaigh trasna na Maoile Ruaidhe i mbád i ndiaidh mharú an tiarna. Caithfidh sé go raibh sí go mór i ngrá leis an tsaighdiúir dhubh, mar lig sí a rún leis. Is dóigh go raibh a shúilsean ar an airgead, agus b'fhéidir gur gheall sé di go roinneadh siad eatarthu é agus go bpósfadh siad a chéile.

Cibé mar a bhí, fuair seisean an t-eolas a raibh sé go mór i bhfáth leis. Ar mhéad is bhí de lúcháir air bhuail sé isteach i dteach tábhairne agus scairt ar ghloine uisce bheatha. Bhí sé chomh haigeantach, lán croí, nach dtiocfadh leis an rún a fuair sé a choinneáil ceilte. Scil sé an t-iomlán le bean an tábhairne.

'Tá a fhios agam cé a mharaigh Tiarna Liatroma' ar seisean.

'An abair tú sin liom?' ar sise, agus iontas an domhain uirthi.

'Deirim cinnte,' ar seisean. 'Tá mé ag imeacht ar an bhomaite a thógáil an airgid. Nach bhfuil sé chomh cóir agamsa a bheith saibhir le duine ar bith eile?'

Le sin thóg sé an gloine, ach sula raibh faill aige a chur ar a phus thit sé maol marbh ar an urlár.

Bhí aithne agamsa ar an fhear ar leis an bád ar sheol na fir trasna an locha uirthi. Tamall gearr ina dhiaidh sin tháinig sé chun an tí seo againne agus é ag ceannach géacha. Bhí sé ar an aon leaba liom féin an oíche sin. Ní raibh ainm ná uimhir ar an bhád agus, go hádhúil dósan, bhí na rámhaf sa teach aige. Bhí an bád sa bheairic i mBaile na nGallóglach gur thit sí as a chéile leis an lobbhadh, agus ní tháinig aon duine lena rá gur leis í. Creidim go raibh na saighdiúirí dubha ag súil go dtiocfadh duine inteacht lena rá gur leis féin í, ach tá a shúil agam nár éirigh siad mífhoighdeach!

Bhí scéal reatha ag gabháil thart nuair a bhí mise ag éirí anfos gur mhinic na saighdiúirí dubha ag caint leis na fir a rinne an marú, ach nach raibh a fhios sin acu!

Marú an Mháirtínigh

Is beag duine i nDún na nGall, nó in Éirinn dá n-abrafnn é, nach gcuala iomrá ar mharú an Mháirtínigh i nGaoth Dobhair sa bhliain 1889. Ní dhéanfaidh mise dearmad den lá chéanna go bhfuaraí an bás mo bhéal. Ainneoin gur fada an siúl atá idir an áit seo againne agus na Rosa Uachtaracha, ba mhinic mise an bealach sin in aimsir Chonradh na Gaeilge, ag iarraidh mo dhícheall a dhéanamh le cúis na Gaeilge a chur chun cinn. Roimhe sin féin, ba mhinic ar shiúl as baile mé. Bhí mé óg lúfar san am.

An lá a maraíodh an Máirtíneach níorbh fhada mé ón áit ar thit an duine gránna, scéal nár lig mé leis an phobal go dtí an bomaite seo. Is ar éigin a bhí sé fuar ina chuid fola go gcuala mé an scéal go hiomlán ó dhuine a bhí sa láthair.

Tamall roimhe sin, agus mé sa bhaile, chuala mé gurbh é an rún a bhí ag an Mháirtíneach teacht go Gaoth Dobhair le breith ar an tSagart Mac Pháidín. Bhí scéal ag gabháil thart go raibh sé ag cruinniú péas le bheith leis go Gaoth Dobhair, agus go dtáinig sé ar sháirsint a raibh glincín maith sa ghrágán aige, agus gur chuir sin fearg ar an Mháirtíneach. Gur mhionn-

aigh sé, ach é a theacht ar ais, go dtabharfadh sé íslíú céime don tsáirsint.

'Ní bheidh teacht ar ais ar bith ann,' arsa an sáirsint.

Agus sin go dtreach mar bhí. Ní raibh teacht ar ais ar bith as Gaoth Dobhair i ndán don Mháirtíneach.

Is iomaí inse atá ar an scéal, agus níor mhiste dá gcuirinnse síos cúpla focal de réir mar a chuala mé an tuairisc ó dhuine a bhí sa láthair.

Bhí cúirt le bheith ina suf ar an Bhun Bheag i ndeireadh mhí Eanáir, sa bhliain 1889. Ar na cosantóirí a raibh gairm chun na cúirte orthu bhí an Sagart Mac Pháidín, sagart paróiste Ghaoth Dobhair. Is é an rud a bhí ina éadan go ndearna sé caint nach raibh de réir an dlí agus go raibh sé ag iarraidh réim an Rialtais Shasanaigh a bhriseadh i nGaoth Dobhair. Bhí an chúis chéanna in éadan Sheáin Uí Cheallaigh, Timire, United Irish League. Ní raibh ceachtar acu sa láthair nuair a cuireadh an chúirt ina suf. Bhí Ó Ceallaigh imithe as an áit san am. Tugadh ordú do na péas breith ar an bheirt acu agus a dtabhairt i láthair an dlí.

Ar an Luan deireanach den mhí bhí aonach i nDoirí Beaga. Bhí scaifte mór ar an aonach. Thug lucht an aonaigh fá deara go raibh na péas ag bogadaigh thart fá theach an tsagairt. Ní thug siad iarraidh ar bith ar dhul isteach. Bhí slabhraí ar na doirse, ach ní thug na péas iarraidh ar bith na doirse a bhriseadh. Níorbh fhada go raibh scála ar fud na paróiste go raibh na saighdiúirí dubha ag fanacht leis an fhaill le breith ar shagart na paróiste, agus chruinnigh na

daoine ina gcéadta lena sagart a chosaint. Rinne cuid acu fáinne díobh féin timpeall theach an tsagairt.

Ba léir nach ligfeadh muintir na paróiste do na saighdiúirí dubha breith ar an tsagart gan troid, agus, ar eagla na heagla, tugadh cuid mhór saighdiúirí dubha go Gaoth Dobhair le breith ar an tsagart. Marcmun ainm an oifigigh a bhí ina gceannas, ach bhuaile taom tinnis é ar an Chlochán Liath fá dheireadh na seachtaine agus tháinig an Máirtíneach as Béal Átha Seanaigh le ceannas a ghlacadh ina áit. An dara lá de mhí na bhFaoilleach a bhí ann. Bhí an Domhnach ann lá arna mhárach, agus shíl na saighdiúirí dubha go mbeadh an Sagart Mac Pháidín ag gabháil go Dún Lúiche a rá an Aifrinn. Ní raibh ach an dá theach pobail sa pharóiste an t-am sin. Ba é an Sagart Mac Niallais a dúirt an tAifreann i nDún Lúiche an Domhnach roimhe sin agus sileadh gurbh é sagart na paróiste a déarfadh é an Domhnach atá i gceist againn.

Bhí céad saighdiúir agus céad péas ag fanacht leis i nDún Lúiche! Tháinig siad an oíche roimh ré. Tháinig an Máirtíneach ar charr capaill agus péas á thiomáint, mar níorbh fhéidir leis aon duine cile a fháil a thiomáineadh é. Nach air a bhí an míshásamh ar theacht go Dún Lúiche dó agus gan an Sagart Mac Pháidín ann! Siúd é féin agus a chuid fear ag tabhairt aghaidhe ar Dhoirí Beaga. Bhí siad in am leis an phobal a fheiceáil ag teacht amach ón Aifreann.

D'fhan lucht an Aifrinn in aice an gheasta, mar bhí a fhios acu go mbeadh tiora buaic ann. Níorbh fhada go dtáinig an sagart amach. Shiúil leis caol díreach go

dtáinig sé go dtí an áit a raibh an Máirtíneach ina sheasamh i lár an chosáin. Chuir an t-oifigeach a lámh air agus d'ordaigh dó gan bogadh as an áit a raibh sé. D'ordaigh an sagart dósan an t-údarás a bhí aige lena stopadh i lár an bhealaigh mar sin a thaispeáint dó. Ní ag an Mháirtíneach a bhí an t-údarás ach ag sáirsint darbh ainm Dunning. Scairt an t-oifigeach leis an tsáirsint an páipéar a thabhairt ionsair, ach sula raibh faill ag Dunning sin a dhéanamh d'éirigh an trup agus an cambús. Leagadh an Sagart Mac Pháidín ar a ghlúine.

Tharraing an t-oifigeach a chlaíomh agus thóg os cionn an tsagairt é. Shíl na daoine gur ag gabháil a bhualadh an tsagairt lena chlaíomh a bhí an t-oifigeach, agus thug siad iarraidh chun tarrthála. Bhí greim ag an Mháirtíneach ar an tsagart; agus, cé go bhfaca sé go raibh na daoine ar an daoraí le tréan mire, níor scaoil sé a ghreim. Thosaigh an racán agus an greadán. Bhí giotas de mhaidí fán áit agus rug na daoine orthu agus bhuail na péas agus na saighdiúirí ar a ndícheall leo. Bhí an Máirtíneach ag baint feidhme as a chlaíomh, agus is iomaí duine a dtáinig buille de air, gur leag buille é féin taobh amuigh de theach an tsagairt. Ba é sin an buille marfach, mar níor éirigh sé gur tógadh é agus an anáil imithe as.

Cuireadh an Sagart Mac Pháidín isteach ina theach féin gan scríob gan loit. Gortaíodh mórán daoine ar gach taobh. Bhí an Sáirsint Ó Ciardha chomh loite sin gurbh éigean dó éirí as na saighdiúirí dubha. B'iontach an rud é nach raibh thar dheichniúr le cosaint a dhéan-

amh ar an Mháirtneach in am an riachtanais, cé go raibh suas le trí chéad, idir shaighdiúirí dubha agus shaighdiúirí dearga, faoi san am, ach ní raibh siad go léir ar an láthair.

Chruinnigh na daoine in aice na scoile agus thosaigh a bhagairt nach ligfeadh siad an sagart chun an phríosúin. Cuireadh cúpla fear á mhíniú sin don tSagart Mac Pháidín. Ar dhul chun an tí dóibh tháinig an sagart go fuinneog bairr agus labhair i nGaeilge leis na daoine a bhí cruinn amuigh. D'iarr sé ar gach aon duine an baile a bhaint amach, mar bhí na saighdiúirí ag teacht as Dún Lúiche, agus, nuair a chluinfeadh siad goidé mar a bhí, go mb'fhéidir gur scaoileadh leo a dhéanfadh siad. Inseadh dó gurbh é an rún a bhí ag an phobal gan eisean a ligean uathu. D'iarr sé orthu ar son Dé dul chun an bhaile, gur ghéill seisean do chigire an cheantair.

Nuair a chuala an pobal an focal sin scab siad agus bhain an baile amach. Na daoine a bhí ag gabháil ó dheas, chonaic siad na saighdiúirí ag tarraingt orthu fán am a raibh siad ag Mfn an Iolair. Chuaigh siad i bhfolach i gcúl na gclaíocha go ndeachaigh siad thart.

Cuireadh corp an Mháirtínigh ar an charr chéanna a bhí leis ar maidin go Dún Lúiche, agus tugadh go teach ósta Ghaoth Dobhair é. Ba ghearr ina dhiaidh sin gur tugadh an Sagart Mac Pháidín chun an tí ósta céanna agus cuireadh os comhair cúirte é. Ina dhiaidh sin tugadh ina phríosúnach go Doire é.

Cuireadh coiste cróinéara ar an Mháirtneach lá arna mhárach. B'éigean do na péas trí ceantair a shiúl sula

bhfuair siad dháréag le haghaidh an choiste. Ba í breith an choiste gur maraíodh an Máirtíneach. Tugadh an corp go Béal Átha Seanaigh agus cuireadh ann é.

I ndiaidh an tórraimh bhí a chuma air go mbeadh saol bocht ag cuid fear Ghaoth Dobhair, de réir mar a bhí na saighdiúirí dubha go díbhirceach ar thóir gach duine a raibh amhras dá laghad acu air. Ar an 7ú lá den mhí rug siad ar Sheán Ó Gallchóir as Machaire Chlochair, fear a raibh clú sa phobal air, agus fear a chuir cúpla seal isteach sa phríosún le linn Chogadh na Talún. Níl sé ach tuairim ar bhliain go leith ó fuair sé bás. D'fhág sé clann mhór ina dhiaidh. Tá mac dó ina chigire scoile agus beirt dá chlann ina múinteoirí.

Micheál Ó Dúgáin an chéad duine eile a gabhadh. Tá Micheál beo go fóill agus siopa agus teach ósta aige. Gabhadh gréasaf darbh ainm Maitiú Ó Siall as Doirí Beaga, agus ansin bean darbh ainm Peig Ní Cholla as an Choitinn. Tugadh an t-iomlán go beairic an Bhuna Bhig, áit ar cuireadh gach duine díobh i seomra dó féin, ar dhóigh nach mbeadh cead cainte ná comhrá acu le chéile.

Bhí Cathal Mac Giolla Bhríde as Ard na gCeapairí, Gaoth Dobhair, ag teacht as Doire le lód earraí, agus dhá chapall leis, agus rinneadh príosúnach de ar an Tearmann, tuairim ar fhiche míle ó bhaile. Bhí sé a trí a chlog ar maidin Dé hAoine nuair a shroich sé féin agus na péas a ghabh é an Bun Beag.

Cuireadh cúirt ar bun agus cuireadh cás na bpríosúnach siar go ceann seachtaine. Socraíodh ar a gcur go príosún Dhoire go dtigeadh an chúis os comhair na cúirte

i gceann na seachtaine. Bhí ofche dhoineanta léanmhar ann le ceatha cloch sneachta. Mar sin féin, cuireadh na príosúnaigh ar charranna agus tugadh go Leitir Ceanainn iad faoi ghlais lámh. Lá arna mhárach tugadh go Doire ar an tracin iad.

I ndiaidh a dtabhairt isteach sa phríosún chuir na fir in éadan éide an phríosúin a chaitheamh agus gan breith ar bith tugtha orthu san am. Ach sin a raibh acu ar a shon: b'éigean dóibh a gcuid éadaigh féin a bhaint díobh agus éide an phríosúin a chur orthu. Bhí sé i ndiaidh am dinnéir agus b'éigean dóibh a bheith sásta le harán tur agus braon uisce.

Ofche i lár na seachtaine sin a bhí chugainn tugadh na príosúnaigh ar ais go Leitir Ceanainn ar thracin speisialta. Bhí cuid mhór príosúnach as Gaoth Dobhair ansin rompu. I dtrátha an mheán ofche cuireadh an t-iomlán ar charranna, agus siúd leo tríd shneachta ag tarraingt ar an Bhun Bheag. Lá arna nóirtheat tugadh an Sagart Mac Pháidín agus na príosúnaigh eile ar ais go Doire.

Tugadh ina dhiaidh sin os comhair cúirte iad i Leifear agus i Leitir Ceanainn. Dúirt an breitheamh sa deireadh nach dtiocfadh leis an cás a chur siar ach trí lá eile, agus mura mbeadh na péas réidh le dul ar aghaidh leis an chúis go ligfeadh sé cead a gcinn leis na príosúnaigh. Bhí cúirt eile ann ar an 7ú lá den Mhárta agus ligeadh amach duine agus fiche.

I rith an ama sin go léir bhí an saol bun os cionn i nGaoth Dobhair. Bhí an áit beo le saighdiúirí dubha agus le saighdiúirí dearga. Ní raibh cead ag duine ar

bith an pharóiste a fhágáil gan údarás ó chigire na bpéas. Bhí cuid mhór fear ar a seachnadh fá na gleanntáin is fá na cnoic. Lá amháin i mí an Mhárta chuartaigh na péas ó na sléibhte go farraige, ach ní bhfuair siad aon duine. Lean an cuartú go ceann fada go leor, agus is iomaí fear óg arbh éigean dó an baile a fhágáil agus an choigríoch a thabhairt air féin. Gabhadh tuairim ar dhaichead duine ar fad i ndiaidh mharú an Mháirtínigh. Bhí tuairim ar a leath sin le tabhairt os comhair na cúirte. Ligeadh an leath eile amach ar bannaí.

Ar an 15ú lá de Dheireadh Fómhair dúirt an Sagart Mac Pháidín an tAifreann i nDoirí Beaga. Rinne sé seanmóir fhada i ndiaidh an Aifrinn. Chomhairligh sé do na daoine a bhí amuigh ar bannaí, agus a raibh acu lena bhféacháil a sheasamh, an fhírinne a inse agus iad ag tabhairt fianaise.

I bPort Laoise a bhíodhas lena bhféacháil. Lá arna mhárach d'imigh siad go Baile Átha Cliath ar a mbealach go hionad na féachála.

Tugadh cuid mhaith den fhianaise i nGaeilge. Mhair cás Uí Cholla ceithre lá. Tugadh breith go raibh sé ciontach. Ní tháinig leis an choiste aontú fá Sheán Ó Ghalchóir, agus tugadh eisean ar ais go príosún Dhoire. I gceann chúpla seachtain ligeadh amach é. Cuireadh príosúntacht fhada ar chuid de na fir eile. Cuireadh deich mbliana ar chuid acu, seacht mbliana ar chuid eile, agus cúig bliana ar chuid eile acu. Ligeadh an Sagart Mac Pháidín agus cuid mhaith eile saor.

Cailleadh an *Wasp* in aice le Toraigh

Tá sé anois níos mó ná leathchéad bliain ó cailleadh an long *Wasp* ar chósta Thír Chonaill, agus is iomaí uair a chuala mé an scéal iontach fán dóigh ar tharla an taisme. An t-am a chuaigh sí faoin uisce, bhí an *Wasp* ag tarraingt ar Oileán Inis Trá Thuathail, atá in aice le hOileán Thoraí, agus é ina luf amach ó chósta charraigeach chontúirteach na contae.

Ba le fear darbh ainm Sir A. Bateman Harvey an t-oileán beag seo, ach ní raibh mórán bainte aige féin le tógáil an chósa, nó rud ar bith den tsórt sin; fágadh sin ag fear darbh ainm Seán Mileár, a bhí ina chónaí i mBun Cranncha. Chuaigh an scéal amach go gcaithfeadh na tionóntaithe a gcuid talaimh is a gcuid tithe a fhágáil, agus chonacthas go mb'fhéidir nach mbeadh siad toilteanach sin a dhéanamh gan iarraidh láidir a thabhairt le greim a choinneáil orthu.

Mar sin de fuarthas an long seo, an *Wasp*, a tháinig ó Shasain, creidim, agus chuaigh sí i dtír ar dtús ag Bun an Phobail, in Inis Eoghain, agus chuaigh cuid mhaith saighdiúirí ar bord ansin. Níor cuireadh mórán ama amú go raibh sí ar an fharraige arís, agus ófche Dhomhnaigh, an 21ú lá de Mheán Fómhair, 1884, bhí sí cóngarach don Oileán, agus ag tarraingt go gasta air,

nuair a tháinig doineann mhillteanach go han-tobann, agus ba dona an scéal é don *Wasp*. D'éirigh an ghaoth chomh láidir sin agus an fharraige chomh garbh sin nach raibh an bád ábalta an bealach ceart a choinneáil i bhfad. Rinne an fhoireann – le cuidiú na saighdiúirí – a ndícheall lena stiúrú i gceart ach, san aimsir fhiain a bhí ann, agus dórchadas na hoíche ar gach taobh, goidé a thiocfadh leo a dhéanamh? Dheamhan mórán, go díreach. D'oibir siad ar theann a ndíschill ar feadh na hoíche go léir, ach nuair a tháinig breacadh an lae shleamhnaigh an *Wasp* ar na carraigeacha in aice le Toraigh.

Long mheasartha mhór, de cheithre chéad go leith tonna nó níos mó, a bhí inti, agus oifigeach darbh ainm Nicholls i gceannas na foirne. Tá doimhneacht iontach san fharraige ag an phointe seo, agus chuaigh an long faoi, gan i ndán di éirí arís níos mó. Ba mhór millteanach an tubaist a bhí ann, mar ní hé amháin gur cailleadh an *Wasp*, ach, lena chois sin, bhí 52 d'oifigigh is de mhairnéalaigh ar bord nuair a sciob an t-uisce leis í. Sábháladh seisear fear as an iomlán.

Is deacair a dhéanamh amach goidé mar a thiocfadh le taisme den chineál uafásach seo titim amach, agus nach raibh an áit ar tharla sé ach daichead slat ó theach solais Thoraf, agus is féidir an solas sin a fheiceáil suas le sé mhíle dhéag ar gach taobh! Ach tharla sé, mar sin féin. Na fir nár bádh, tugadh go Port na Bláiche iad, agus tamall beag ina dhiaidh sin, chuaigh siad go Londain. Ní hé gur tugadh moladh nó ardchreidiúint dóibh nuair a shroich siad an chathair sin, mar cuireadh

cúirt orthu ann agus rinneadh an gearán ina n-éadan gurbh iad ba chiontach le cailleadh na loinge, ós rud é go raibh siad neamartach agus neamhchúramach! Ar scor ar bith, bhí an lá leo, agus, sa deireadh, ligeadh amach saor iad, mar ba é tuairim na coitiantachta gur ar an chaipitín is mó a bhí an locht. Is é an breithiúnas a tugadh sa chúirt gur cailleadh an *Wasp* mar gheall air nár tugadh aire go leor di le linn na stoirme.

Má tháinig trioblóid is bás as an tubaist seo, tháinig tairbhe is maitheas, fosta, mar, tamall gearr ina dhiaidh sin, rinneadh ceangal leis an teilcáfón idir Oileán Thoraf agus tír mór, agus tá a fhios ag Dia nach suarach an gar is an chosaint é sin.

Lá mór cuimhneacháin i nGartán

Bhí sé socair agam ar dhul go Gartán lá mór cuimhneachán Cholm Cille sa bhliain 1897. Is minic ó tháinig mé go haois fir a ghlac mé rún rud a dhéanamh nó rud eile a sheachaint, agus b'annamh nár éirigh liom an rún a chur i ngníomh. Ach sháraigh orm an iarraidh seo, agus go lá mo bháis beidh míshásamh orm nach dtáinig liom a bheith i láthair i nGartán an lá iomráiteach atá i gceist agam.

Cúpla lá roimhe sin tháinig taom tinnis orm, agus ní raibh agam ach an leaba a thabhairt orm féin agus fanacht i mo lúf go ceann seachtaine. Sin mar a tharla nach raibh mé i nGartán ar an gú lá de Mhí Mheáin an tSamhraidh sa bhliain 1897. Ach chum mé giota filíochta in onóir na hócáide, agus ó cuireadh i gcló é san am is furasta do dhuine ar bith a chuireas suim ina leithéid é a fháil. Tugadh cuntas maith dom ar an lá ag duine a bhí sa láthair, agus ó tharla cuimhne mhaith agam air go fóill cuirfidh mé stós beagán anseo fá dtaobh de.

Áit gharbh fhiain chlochach uaigneach Gartán. Tá sléibhte ar gach taobh de. Leitir Ceanainn an baile mór is cóngaraí dó. Is ann a rugadh Colm Cille, agus dá thairbhe sin tá clú air le fada riamh. Bhí teas an

tsamhraidh ann an lá úd agus chuaigh scaifte mór ann le honóir a thabhairt don naomh, agus lena chuidiú agus idirghuf a iarraidh ar son Chlanna Gael gach áit a raibh siad.

Bhí Aifreann Mór i Leitir Ceanainn ar maidin agus an Cairdinéal Ó Laodhóg ina chantóir. Bhí teach an phobail lán ó altóir go doras. Bhí an tAifreann thart tamall beag i ndiaidh a hocht, agus i dtrátha a naoi a chlog tosaíodh ar an turas go Gartán. Ní thig liom a rá cá mhéad duine a ghlac páirt sa tsíúl sin, ach tá mé cinnte go raibh na céadta ann. De réir mar a bhí siad ag cur an bhealaigh dfobh bhí siad ag méadú, mar bhí daoine ag cruinniú chucu as gach cearn.

Ní caol dfreach a rinne siad ar Ghartán. Chuir siad cor bealaigh orthu féin go dtug cuairt ar Theampall Dúghlaise, an áit ar baisteadh Colm Cille. Tá na seanbhallóga le feiceáil sa reilig ann go fóill. I ndoras an tseanteampaill a baisteadh é.

Roimh an mheán lae shroich na cuairteoirí Gartán. Chuaigh siad uilig go bhfaca siad an leac mhór mar ar rugadh Colm Cille. Rinneadh altóir ann agus léadh Aifreann Mór eile. Creadim nach bhfuil aon duine amháin de na sagairt a dúirt an tAifreann sin beo inniu. Thug an cairdinéal beannacht na Sacraiminte Rónaofa don phobal i ndiaidh an Aifrinn. Bhí an tEaspag Ó Dónaill agus cuid mhór sagart sa láthair.

Ba mhian le Conradh na Gaeilge i mBéal Feirste a bheith páirteach i gcomóradh an lae, agus tháinig an Gael dúthrachtach sin atá beo go fóill, mar atá Peadar Mac Fhionnlaoich, anuas. Rinne sé óráid bhreá i

LÁ MÓR GUIMHNEACHÁIN I NGARTÁN

nGacilge an lá sin fán naomh chéimiúil a rugadh san áit. An Sagart Mac Niallais, sagart paróiste an Tearmainn, a rinne an tseanmóir. Gacilge a bhí i mbéal gach cainteora, beagnach. Labhair mórán daoine. Rinne mo chara nach maireann, Antain Ó Dochartaigh, máistir scoile ar Oileán na Cruite, óráid bhreá bhríomhar.

Bhí a chuma ar an lá go raibh beannacht Dé agus Cholm Cille ar an chuimhneachán, mar bhí scoith na haimsire ann agus áilleacht neamhchoitianta ar na sléibhte agus ar na gleannata agus ar Loch Ghartáin.

Tugadh cuairt ansin ar Chill Mhic Néanáin, an áit ar hoileadh Colm Cille.

Ba mhór an lá é. Bhíothas á rá san am nach raibh a leithéid de lá in Éirinn riamh roimhe.

Conradh na Gaeilge

Tuairim ar an bhliain 1900 tháinig Tomás Bán Ó Concheanainn chun na contae seo mar thimire ag Conradh na Gaeilge. Fear óg dea-chumtha a bhí ann san am. Thug sé cuairt ar a theacht dó ar an Dochtúir Ó Dónaill, Easpag Ráith Bhoth. Tamall sula dtáinig sé scríobh mise dán beag ag cur fáilte roimh an Chonradh go Dún na nGall. Léigh Tomás é agus é in Inis Ceithleann. Níorbh fhada i dTír Chonaill an timire go dtáinig sé chun an Chraoslaigh, agus ba ghearr ina dhiaidh sin go dtáinig sé ar mo lorg féin, ó tharla gur mé údar an dáin. D'éirigh muid an-mhór le chéile. D'iarr sé orm cuidiú leis an Conradh a chur ar bun sa pharóiste, agus gheall mé go ndéanfainn mo dhífcheall ar son na cúise, mar mheas mé an uair sin, agus measaim go fóill, gur gluaiseacht an-mhaith an Conradh leis an Ghaeilge a choinneáil beo agus a thabhairt ar ais sna háiteacha a raibh sí ag fáil bháis.

Socráfoadh go mbeadh cruinnú poiblí ag geaftha theach an phobail i ndiaidh an Aifrinn an Domhnach a bhí chugainn. Cuireadh sagart na paróiste sa chathaoir, agus bhí mé féin ar dhuine de na cainteoirí. Labhair an sagart i mBéarla, mar nár chainteoir Gaeilge é. Tugadh éisteacht mhaith dúinn go léir agus

cuireadh craobh de Chonradh na Gaeilge ar bun de thoradh an chruinnithe. Thug an duine uasal, Aodh A. Law, an halla atá aige i gCnoc an Mharmair dúinn fá choinne ranganna Gaeilge. Bhí an Máistir Ó Baoill as Dún Fionnachaidh ag stiúrá na hoibre.

Mhair na ranganna tamall maith, ach de réir a chéile d'éirigh na scoláirí neamhshuimiúil iontu agus b'éigean deireadh a chur leis an obair. Seacht nó ocht de bhlianta ó shin cuireadh tús arís ar obair an Chonartha, ach caithfidh mé a rá nach dtáinig fás ceart riamh ar Chonradh na Gaeilge sa chontae. Níl an Conradh beo ach i gcúpla áit i dTír Chonaill. Níl mórán iomrá air anois agus is mór an trua sin, dar liom.

Ainm i nGaeilge ar mo charr

Ní dóiche go ndéanfaidh mé dearmad de na heachtraí a bhain leis an uair a cuireadh an dlí orm fá m'ainm agus mo sheoladh a bheith i nGaeilge ar mo charr. Sa bhliain 1905 a tharla sé. Bhí Conradh na Gaeilge ag comhairliú agus ag a iarraidh ar gach aon Ghael feidhm a bhaint as an teanga náisiúnta i ngach aon dóigh a dtiocfadh leis, mar nach raibh a athrach de dhóigh leis an Ghaeilge a thabhairt ar ais mar chanúint na tíre. Níor léir domsa go dtiocfadh liom mórán a dhéanamh leis an chuspóir sin a chur chun cinn, ach tháinig sé i mo cheann go dtiocfadh liom aon rud beag amháin a dhéanamh, is é sin m'ainm agus mo sheoladh a chur i nGaeilge ar mo charr!

Bhínn san am sin ag tabhairt cuairte ar na scoileanna, ag cur tuairisce fá fhreastal na bpáistí, agus tharla go raibh mé ar scoil i nDún Fionnachaidh maidin earraigh ar ócáid den tsórt sin. D'fhan mé tamall ag comhrá ag an gheaftha leis an Mháistir Ó Baoill, agus thug mé fá deara le linn an ama a raibh mé i mo sheasamh ann go raibh an tArd-Chonstábla Mac Góirín ag cur suime nár ghnách leis sa charr a bhí liom. Bhí gnaithe eile chomh maith le gnaithe na scoile idir lámha agam an lá earraigh úd. Bhí mé ag gabháil go Muilecann Chor an

Chreagáin, giota beag taobh thiar den bhaile. Tamall roimhe sin d'fhág mé coirce ann, agus bhí mé ag gabháil ar lorg na mine.

Ní raibh a fhios agam a chéad uair goidé a bhí ag cur buartha ar mo chara, Mac Góirín, ach níorbh fhada gur foilsíodh dom é: ní raibh ainm ar an charr. Bhí go maith agus ní raibh go hólc go raibh mé ag teacht chun an bhaile sa tráthnóna. Idir an dá am shocraigh mé i m'intinn nach dtabharfainn ábhar gearáin do na péas, agus le giota de pheann luaidhe a bhí i mo phóca scríobh mé m'ainm agus mo sheoladh ar an charr i nGaeilge.

Ar theacht go Dún Fionnachaidh arís dom bhí beirt de na péas ina seasamh ag an choirnéal ag feitheamh orm le fáilte a chur romham! Bhí aithne agam ar dhuine acu, fear óg darbh ainm Mac Lochlainn, as Contae Dhoire. Cuireadh ceist orm an raibh m'ainm ar an charr agus dúirt mé go raibh. Thosaigh siad a bhreathnú ar gach ball de bhalla an charra agus d'iarr mise orthu an scríbhneoireacht a bhí air a léamh. Sin ar tharla an iarraidh sin. Ligeadh cead mo chinn liom.

Chuaigh seal gearr thart, agus cé a bhuaile chugam isteach chun an tí ach fear de lucht na beairice as an Chraoslach agus gairm cúirte ina phóca leis chugam féin. Is é an rud a bhí i m'éadan nach raibh an t-ainm agus an seoladh soléite ar an charr an lá agus an uair a bhí mo chara Mac Lochlainn ag feitheamh orm!

Tháinig lá na cúirte i nDún Fionnachaidh, agus lena thaispeáint, is dóiche, nach raibh olc ar bith domsa thar dhuine ar bith eile sa chomharsanacht tugadh a

lán eile os comhair an dlí agus an gearán céanna curtha ina leith. D'admhaigh siad uilig go raibh siad ciontach, agus cuireadh sé pingne de cháin an duine orthu. Nuair a tháinig m'ainmse os comhair na cúirte thosaigh mé a dhearbhu agus a chruthú nach raibh an dlí briste agam, mar bhí m'ainm agus mo sheoladh le feiceáil go soiléir ar an charr.

Bhí an Sáirsint Ó Muirí i láthair agus Gacilge ar a chomhairle féin aige. Bhí an t-ainm agus an seoladh scríofa agam ar ghiota de pháipéar fhada. Tharraing mé an páipéar go tobann as mo phóca agus d'fhiafraigh mé de an dtiocfadh leis é a léamh. D'admhaigh sé go dtiocfadh. Bhí mé tuairim ar chúig slata uaidh san am, ach mar sin féin ní raibh moill air a léamh. Chuir mé ceist mar an gcéanna ar chuid den lucht éisteachta a bhí sa chúirt agus d'admhaigh siadsan go bhfaca siad agus gur thuig siad gach aon fhocal. Thiontaigh mé ar Mhac Lochlainn ansin, gur fhiafraigh de an le peann nó le peann luaidhe nó le dath a bhí an t-ainm scríofa ar an charr, agus ní thiocfadh leis a rá i gceart. Dúirt mé ansin leis an fhear a bhí sa chathaoir, agus leis na daoine eile a bhí ar an ardán, nárbh fhéidir muinín ar bith a bheith ag duine as fianaise Mhic Lochlainn: go raibh an t-ainm soléite. Ach má mheas mé go n-éireodh liom, bhí mé meallta. Cuireadh dhá scilling de cháin orm, ocht bpingin déag níos mó ná a cuireadh ar na cosantóirí eile!

I ndiaidh theacht chun an bhaile dom bí cinnte go raibh mé míshásta leis an bhreith a tugadh ar mo chás. Scríobh mé litir ag déanamh casaoide fán éagóir a

rinneadh orm. Chuir mé an litir ar an *Derry People*. I gceann chúpla lá tháinig scéala chugam á rá liom gan an cháin a dhíol agus go dtabharfadh Conradh na Gaeilge an chúis os comhair na hArd-Chúirte i mBaile Átha Cliath. Ba mhór an uchtach a thug sin dom, agus, in ionad an scríbhneoireacht Ghaeilge a scríobadh den charr, rinne mé socrú le hAindriú Mac an tSaoir (atá anois i Leabharlann na Contae) an t-ainm agus an seoladh a dhathú ar an charr. Bhíodh an bheirt againn ar na ranganna Gaeilge a bhí ar siúl i gCnoc an Mharmair an uair sin.

Bhí gnaithe go Dún Fionnachaidh chun an mhar-gaidh agam gan mhoill ina dhiaidh sin agus thug mé an carr liom. Tháinig cith trom agus mé ag tarraingt ar an bhaile. Sular mhothaigh mé siúd Mac Góirín agus duine de na péas ar thaobh an bhealaigh mhóir. Shílfeá go raibh a fhios acu mé bheith ag teacht. Thug mé ruball mo shúile thart agus tím iad ag breathnú taobh an charra agus iad ag siúl cos ar chois an bealach a raibh mise ag gabháil. Fá dheireadh thiar labhair an t-ardchonstábla agus ar seicean:

'Goidé an cineál ainm sin atá agat ar do charr?'

'Nach dtig leat a léamh?' arsa mise.

'Ní thig,' ar seicean.

'Mura dtig,' arsa mise, 'ní ormsa atá an locht.'

'Tá sin maith go leor,' ar seicean, 'ach caithfidh mé an dlí a chur ort lá na cúirte, seachtain ó inniu.' Le sin d'imigh sé féin agus a chomrádaí uaim.

Tugadh gairm eile cúirte dom. Níor fágadh an cás agam féin an iarraidh seo le cosaint. Tháinig Conradh

na Gaeilge chun cuidithe liom. Chuir siad an dlítheoir clúmhaíl, P. M. Ó Gallchóir as baile Dhún na nGall, leis an chás a throid ar mo shon.

Bhí cuid mhór anaísl fiagam. Bhí an Máistir Mac Fhionnasle a thóg an teach ósta i bPort na Bláiche, agus nach maireann, agus an Máistir Ó Baoill, ar chuid acu. Dúirt siad go raibh aithne acu orm mar scoláire Gaeilge agus mar dhuine a chuir suim mhór sa teanga. Agus mar chruthú ar a raibh á rá acu léadh tiontó a rinne mé ar *There came to the beach a poor exile of Erin*. Ní bheadh an cathaoirleach, an tiarna talaimh Stewart as Corrán Binne, sásta go gcuireadh sé a ainm leis an dán! Thug Aodh Ó Dufaigh, a bhí ina thimire ag Conradh na Gaeilge san am, fianaise i mo leith.

Tugadh breith i m'éadan an dara huair, ach níor cuireadh de cháin orm ach scilling. Ní raibh ach an t-aon fhear amháin dá raibh ina súf ar an bhinse an lá sin i mo leith – Donncha Ó Colla as Gaoth Dobhair.

Bhí an chúirt lán go doras, mar cuireadh suim mhór i mo chás. Chuaigh an scéal amach nach raibh mé toilteanach ar ghéilleadh don bhreithiúnas. Chuaigh a gháir níos faide ó bhaile ná a shamhaíl aon duine dá raibh baint aige leis an chúis san am. Rinne Brian Ó hUiginn as Baile Átha Cliath giota filíochta i mBéarla ag cur síos ar an chás. Thug Conradh na Gaeilge an cás os comhair na hArd-Chúirte. Bhí an Dochtúir Breathnach (atá beo go fóill), T. M. Ó hÉalaithe, agus Pádraig Mac Piarais ar mo thaobhsa. Ní raibh Ó hÉalaithe i láthair sa chúirt, ach bhí an bheirt eile. Chuir an Breathnach tús ar an chosnamh, agus chuir

an Píarsach deireadh air. Ní raibh mé féin i láthair, mar ní raibh fianaise ar bith riachtanach le tabhairt os comhair na cúirte. Pointe dlí an t-aon rud amháin a bhí le socrú. Agus cé gur mhol an breitheamh dúth-racht agus binnbhriathracht Phádraig Mhic Phiarais ar mo shon, thug sé breith i m'éadan agus d'thág sin an cháin mar a bhí.

Níor cuireadh chun an phríosúin mé

Creidim go bhfuil scéal bréagach ag gabháil thart fá rudaf a tharla i ndiaidh bhreith na hArd-Chúirte i mBaile Átha Cliath. D'fhan mise sa bhaile ar feadh seachtaine, agus mé ag fanacht lá ar lá le mo thabhairt go príosún Dhoire, mar níor dhíol mé an cháin agus ní raibh rún ar bith agam ar a díol. Cé nach gceannódh an méid cánach a bhí ann níos mó ná cúpla unsa tobaca, pingin rua den airgead ní raibh mé ag brath a thabhairt do chléireach na cúirte. Agus ó tharla gurb amhlaidh a bhí, ní raibh an dara súf sa bhuaile agam ach an príosún. Dar liom nach gcuirfinn trioblóid ar na péas teacht le mo thabhairt chun an phríosúin. Ní dheachaigh mé coiscéim as mo bhealach á seachnadh ach oiread.

Maidin amháin d'fhág mé slán ag muintir an tí agus siúd liom ar charr an phoist go Leitir Ceanainn. Chuaigh mé ar an traein as sin go Doire. Chaith mé seal gearr ag gabháil thart tríd an bhaile, agus mé ag déanamh iontais dá lán rudaf a chonaic mé sna fuinneoga. Nuair a mheas mé go raibh mé fada go leor ag spaisteoireacht fá na sráideanna tharraing mé ar an bheairic.

Isteach liom sa tseomra mhór lom. Bhí beirt péas

ina suí ag tine bhreá ghuail a bhí ar lasadh i ngráta mhór leathan a bhí ann agus, de réir chosúlachta gan dada ag cur buartha orthu. Bhain mé preab astu, mar ba léir ón amharc a thug siad orm go raibh iontas orthu. Bhí a fhios acu nach duine de bhunadh na cathrach a bhí acu ann. D'éirigh fear acu go righin fadálach, bhain searradh as féin, agus chuir ceist orm i nglór ghoirgeach cárbh ainm mé agus goidé mo ghnaithe chun na beairice. Bhí mé tríd a chéile mór go leor san am, ach d'éirigh liom i nglór íseal chotúil a chur i gcéill dó go dtáinig mé le dul chun an phríosúin, mar nach ndólfainn cáin scillinge a chuir an chúirt i nDún Fionnachaidh orm.

Ba léir go gcuala sé iomrá orm roimhe sin, mar thuig sé ar an bhomaite cé a bhí aige ann. Amach leis a ghlacadh comhairle le comrádaí a bhí amuigh. Níorbh fhada go dtáinig fear ard ramhar a raibh blagaid air isteach. Oifigeach de réir chosúlachta a bhí ann. Chuir sé a lámh ina phóca agus tharraing amach giota beag de pháipéar dhonn a raibh cúpla focal scríofa air. Dúirt sé go dtáinig sé leis an phost as Dún Fionnachaidh chuige, á rá go raibh an cháin díolta. Agus go raibh cead agam an baile a bhaint amach!

Ar feadh chúpla bomaite ní raibh a fhios agam cé acu ar mo cheann nó ar mo chosa a bhí mé i mo sheasamh, leis an phreab a baineadh asam. D'fhan mé mar a bhí mé ar feadh tamaill, sásta agus míshásta san am chéanna. Ba bhreá an scéala é, gan amhras, cead na coise a bheith agam, ach, ar an taobh eile de, tháinig mé go Doire le dul isteach sa teach mhór atá i Sráid an

Easpaig agus chaithfinn an baile a bhaint amach gan bomaite féin a chaitheamh taobh istigh de gheasta an phríosúin! Tá mé cinnte gur shíl an mhuintir a bhí ag amharc orm gur ghreannmhar an duine mé nár imigh ar an bhomaite. Ach bhí mé chomh mór sin tríd a chéile nach raibh a fhios agam goidé ba chóir dom a dhéanamh. Nuair a tháinig mé chugam féin, thug mé bufochas dóibh agus d'fhág an bheairic de chois-ceimeanna troma fadálacha.

Leis an fhírinne a rá, bhí cineál de ghruaim orm, mar ní raibh a fhios agam cé a d'imir an cleas tuatach orm agus a dhíol an cháin ar mo shon. Tá mé cinnte nach le hóló orm a rinneadh é, ach cibé a dhíol í ní bufochas a bhí agamsa air.

Bhí an ghrian measartha ard sa spéir agus, ó tharla go raibh tráthnóna mór fada romham, mheas mé go gcuirfinn tamall de thart ag siúl na sráideanna. Bhí ocras ag teacht orm, agus, ó bhí beagán airgid i mo phóca, chuaigh mé isteach i siopa i Sráid Waterloo go bhfuair mé cupa tae. Bhí an bhean a bhí ann fiosrach, agus chuir sí ceist orm fán ghnaithe a thug go Doire mé, ach ní raibh fonn ar bith ormsa an scéal a inse di. Thug mé ruaig chun na cé go bhfaca na báid, agus ansin chuaigh ar thrácin an tráthnóna agus bhain an Fíodh Mór amach.

I dtrátha an ama chéanna chuir fear as an áit, Éamann Mac an Ultaigh, seal isteach i bpríosún Dhoire de bharr an cheana a bhí aige ar an Ghacilge. Go garr i ndiaidh an ama ar cuireadh an dlí ormsa chuaigh Éamann chuig cléireach na cúirte a iarraidh ceadúnas

NÍOR CUITREADH CHUN AN PHRÍOSÚN MÉ

mada i nGacilge. Níl feidhm orm a rá nach bhfuair sé an ceadúnas sin. Bhí sé chomh míshásta sin mar gheall ar an diúltú nár foc sé cáin an mhada ar chor ar bith.

Tugadh gairm chun na cúirte go Dún Fionnachaidh dó agus cáineadh é. Ach, dálda mar a rinne mé féin, dhiúltaigh sé an cháin a dhíol. Ach chuir seisean a sheal isteach sa phríosún. Agus nuair a tháinig sé amach, bhí comóradh agus fáilte ag Gacil Dhoire roimhe. Is dóiche gur meascadh an dá chás agus gur sileadh gurbh ionann mise agus Éamann. Is mar sin a tháinig sé i gcúrsa gur shíl a lán, agus go sileann go fóill, go raibh mise sa phríosún. Ach mura raibh, ní orm a bhí an locht. Níor fhéad mé a fháil amach riamh cé a dhíol an cháin ar mo shon.

Feiseanna agus laetha móra Gaelacha

Bhí meas mór i gcónaí agam ar na feiseanna, agus is ábhar bróid agus mórtais dom a rá go raibh mé ar an chéad cheann a cuireadh ar bun ag lucht stiúrtha Fheis Thír Chonaill. Tá sé corradh maith le fiche bliain ón lá chéimiúil úd, agus ní raibh aon duine, idir chléir agus thuataí, dá raibh i láthair inchurtha leis an Easpag Ó Dónaill i mbun na hoibre a bhain leis an Fheis. Beidh iomrá agus clú i gcónaí air mar fhear agus mar shagart, mar easpag agus mar chairdinéal. Bhí sé díleas do theanga agus do bhéasa na nGael, agus spreag sé sinn go léir le suim a chur inár dteanga dhúchais.

Níor casadh orm riamh fear eile a raibh leath an spioraid Ghaelaigh ann bhí sa Chairdinéal Ó Dónaill. Bhí sé i gcónaí ar thús cadhnafochta i ngach cúis a bhain leis an Ghaeilge nó a bhain le feabhas a chur ar shaol na ndaoine. Thuig sé go maith nach mbeadh againn ach náisiún bréige gan an Ghaeilge. Ba mhór an uchtach agus an sásamh intinne do mo leithéid féin, a chuir suim i gcúis na teanga, dea-shampla an easpaig agus ina dhiaidh sin an chairdinéil. Ghríosaigh a chomhairle agus a shampla mise agus mo leithéid féin eile, agus má tháinig toradh de bharr ár saothair is airsean is cóir a bhfuochas sin a bheith. D'fhág sé

comharba léannta, atá chomh dúthrachtach is a bhí sé féin, ina dhiaidh againn anseo i Ráith Bhoth, mar atá an tEaspag Mac Cionnfhaolaidh.

Bhí cruinniú mór i láthair ar an chéad fheis. Chum mise giota filíochta le haghaidh na hócáide. Caithfidh sé go raibh sé inmholta, mar fuair mé seacht scilling déag agus sé pingne mar dhuais air.

Bhí an fheis bliain amháin ag Caisleán na dTuath i mo cheantar féin. Fuair mé duais bheag eile an bhliain sin. Bhí mo chara, Séamas Mac an Bhaird as Toraigh, ann. Ní haithnid dom aon fhear eile atá inchurtha leis ag an damhsa. Bhí Aodh Ó Dufaigh, sár-Ghael as an Bhealtaine i gCloich Cheannfhaolaidh, ann. Bhí Seán Clinton Ó Buí, Gael clúmhaíl as Fánaid ann. Ba é an t-easpag a bhíodh i gcónaí mar phátrún ar an fheis, ach sílím gur fear as mo chomharsanacht féin, Liam Ó hEarcáin, a shocraigh gach rud a bhain leis an fheis a bhí ag Caisleán na dTuath. Is iomaí duine a léigh an leabhar breá a scríobh sé, *Scenery and Antiquities of North-West Donegal*.

Cuireadh coiste ar bhun le réiteach a dhéanamh fá choinne na feise. Rinne muid ár ndícheall le lá mór Gaelach a dhéanamh den lá sin. Sílím gur éirigh linn, mar roimhe sin ná ó shin ní raibh a leithéid de lá sa pharóiste. Bhí Stiofán Mag Fhinn ar dhuine de na daoine a bhí ar an choiste. Thrácht mé cheana féin ar fhear darbh ainm Mac Murchaidh a bhíodh in oifig an tiarna talaimh i nDún Fionnachaidh. Eisean a thug an pháirc dúinn in áice an Chaisleáin fá choinne na feise.

Tugadh onóir mhór domsa an lá beannaithe úd: hiarradh orm an bhratach ghlas a chur ar foluain ar an Chaisleán. B'fhada roimhe ó bhí a leithéid ag Gaeil ar Chaisleán na dTuath. Chuidigh fear óg de mhuintir Bhaoill liom an bhratach a chur in airde. Os coinne bhallaf an Chaisleáin amach bhí ardán breá leathan againn ar ar sheasaigh na cainteoirí a labhair ar an fheis.

Bhí mé páirteach san fheis uair eile. I Leitir Ceanainn a bhí sí an uair sin. Fágadh mé féin agus Seán Bán Mac Meanman, an t-údar céimiúil, cothrom i gcomórtas na filíochta. Bhí duais thrí phunt don dán ab fhearr, agus roinneadh eadrainn é. *Cáit na gCuach Órga* ainm an dáin a chum mise.

I dtrátha an ama ar a bhfuil mé ag caint tháinig scaifte de Ghaeil Dhoire ar turas chun an Fháil Charraigh. Bhí cruinniú ar an Cheathrú Ceanainn acu tráthnóna, agus bhí mise ann. Labhair mé féin agus daoine eile os comhair an chruinnithe. Dúirt mé amhrán de mo chuid: *Mo Chró Beag ag Bun Chnoc an Tí*.

Chuaigh mé féin agus deartháir dom, a bhí ar sheal a shaoire as Albain, ar cuairt uair go Gort an Choirce. Bhí an choláiste ar siúl ann san am, agus cuireadh mbe fáihte romhainn. Casadh an Tiarna Ashbourne, Úna Ní Fhaircheallaigh agus Séamus Ó Searcaigh orainn ann.

Na hÓglaigh

Tuairim na bliana 1914 cuireadh na hÓglaigh ar bun i bparóiste na dTuath. Bhí mé féin ar an chéad chruinniú. Ní raibh i láthair ach cúigear, ach nforbh fhada ar bun na hÓglaigh againn go dtáinig brí agus láidreacht agus méadú iontu. In ionad cúigir bhí dhá chéad go leith óglach againn taobh istigh d'am ghairid, agus dúthracht agus fonn oibre orthu uilig.

Tháinig an Cogadh Mór ar Roinn na hEorpa, agus thosaigh na fir mhóra a bhí ag géilleadh do Sheán Réamann a ghabháil thart a mhealladh an aosa óig isteach in arm na Sasana. Ní raibh meas mada ag cuid againn ar Shasain, agus, ar an ábhar sin, scar sinn leis na hÓglaigh a bhí ar bun agus chuaigh le Sinn Féin. Mise ba rúnaí orthu go dtí sin, ach d'éirigh mé as an rúnafocht.

Ní mór a raibh de thoradh ar chaint na bhfear mór a bhí ag gabháil thart á rá cad chuige ar cheart do gach buachaill óg lúfar cuidiú le Sasain sa troid a bhí idir í féin is an Ghearmáin. Ní raibh ach beirt a d'ofráil iad féin mar shaighdiúirí, agus ó tharla nach raibh an dochtúir sásta le staid a sláintesean, b'éigean dóibh fanacht sa bhaile. Má bhí Sasain ag brath ar mhuintir

an Chraoslaigh le cabhair agus cúnamh a thabhairt di agus í i ngéibheann, bhí sí meallta.

Sa bhliain 1916 tháinig Sinn Féin i dtreise agus i méid sa cheantar seo againne. An bhliain ina dhiaidh sin bhí cruinniú againn ag geaftha theach an phobail. Bhí Eilís Ní Mhaolagáin ar dhuine de na cainteoirí a labhair ar an ócáid sin. Is mór an chúis lúcháire agus áthais dom go bhfuil sí fá shaol is fá shláinte go fóill. Is gairid ó fuair mé litir uaithi ag moladh giota filíochta a chum mé fá Aeráocht na nGardaí i Leitir Ceanainn.

Ainneoin go raibh mé in Óglaigh Sinn Féin, níl chuir mé gunna ar mo ghualainn riamh le linn an ama a raibh baint agam leo. Is dóiche gurb é an fáth a bhí le sin go raibh mé ró-shean agus go raibh go leor de dhaoine óga lúfara iontu le gunnaí a iompar agus a láimhdeachas. B'fhearr i gceann pinn ná i gceann gunna mise. Is mé a níodh an scríobh do na hÓglaigh, agus i nGacilge ba mhó a rinne mé sin. Bhí gach rud ag gabháil seolta go leor gur rugadh ar bheirt dearthár, Séamas agus Seán Mac an Ultaigh as an Fhíodh Mhór. Cuireadh chun an phríosúin iad, áit ar coinneadh cúpla mí iad, creidim.

Tháinig na péas minic go leor ar cuairt chun an tí seo againne, agus ní a thabhairt ruda ar bith dúinn a tháinig siad. Lá amháin chuaigh mise go Más an Easa ar gnaithe, agus ní raibh sa teach i mo dhiaidh ach seanfhear a bhíodh ag gabháil ó dhoras go doras ag cruinniú a chodach. Níorbh fhada mise imithe gur éirigh seisean, agus amach leis gan an glas a chur ar an doras. Tháinig na péas. Isteach leo gur chuartaigh an

teach ó bhun go barr. Nuair a tháinig mé ar ais, bhí an doras oscailte agus an trioc uilig caite thall agus abhus.

I ndiaidh an tSaorstát a chur ar bun tháinig mo dheartháir Peadar as Albain ar laetha saoire. Sa tseomra i mo chuideachta féin a bhíodh sé ina lúí. Maidin amháin roimh éirí gréine, cé a tháinig chun an dorais ach scaifte saighdiúir. Ní raibh foighid acu fanacht go n-osclofaí an doras dóibh. Chuir siad an doras isteach agus nforbh fhada gur músclafodh mise. Thug siad fá deara an strainséir sa leaba agam agus chuir ceist cérbh é féin. D'inis mise sin dóibh, ach ba léir go raibh amhras orthu fá Pheadar bhocht. Go hádhúil, bhí fear as an áit ina measc agus d'aithin seisean Peadar. Murab é sin, níl a fhios goidé an deireadh a bheadh ar an scéal. Ag imeacht dóibh scaoil óglach urchar. Ní raibh sé ach ag cleasafocht orthu. Chaith siad iomlán na maidine á chuartú, ach sin a raibh de bharr a saothair acu.

Cathal Mór Ó Coileáin

Cúpla bliain ó shin fuair fear bás san áit seo a mairfidh a ainm ar feadh i bhfad. Cathal Mór Ó Coileáin ab ainm dó. Bhí aois mhór aige sula bhfuair an bás an bhua air. Fear mór láidir a bhí ann. Is iomaí scéal a chuala mé aige fá na mórgníomhartha a rinne sé. Snámhaí iontach a bhí ann.

San am sin bhí cáin ar a dtugtaí 'ceart eaglaise' le díol ag feirmeoirí. Mheas a lán acu nár cheart a leithéid de cháin a dhíol le heaglais nach raibh baint ná páirt acu léi. D'éirigh cineál de chogadh in aghaidh na cánach, agus bhí muintir an Choileánaigh ar thús cadhnaíochta sa troid. Socraíodh go mbainfí siúl beag as an bháillí, fear de chlainn Mhic Mhurchaidh. Rugadh air agus tugadh amach as an Chraoslach é agus anonn chomh fada le Loch an tSalainn, cóngarach do Leitir Ceanainn. Bhí eagla a bháis ar an bháillí, mar nach raibh a fhios aige goidé a bhí i ndán dó. D'agair sé iad gan dochar rómhór a dhéanamh dó agus go n-athródh sé béasa. Ní raibh rún ar bith ag na daoine a thug chun siúil é dochar a dhéanamh dó, agus dúirt siad sin leis. Bhí an t-áthas amach air, ar ndóigh, agus leis an chomhar a dhíol leo thug sé isteach go teach an tábhairne iad. D'ól siad gloine ar mhuin gloine agus

an báillí ag dfól as an digh i dtólamh. Agus mar dhúthracht agus iad ag imeacht, d'iarr sé ar fhear an tábhairne ceig uisce bheatha a thabhairt dóibh.

Bhí Cathal Mór Ó Coileáin ar dhuine de na daoine a d'fhuadaigh an báillí leo an oíche sin. Ach má shíl sé nach raibh contúirt ar bith i ndán dó dá bharr, bhí sé meallta. Rug na péas air agus thug go beairic Dhún Fionnachaidh é. Cuireadh glais lámh air agus fágadh sa tseomra é. Tháinig fear darbh ainm Éamann Ó Coileáin isteach lena fheiceáil agus cupa tae leis lena thabhairt do Chathal. Níor blais sé den tae, ach d'iarr sé ar Éamann scéala a thabhairt chuig an tiarna talaimh, Stewart, go raibh sé ina phríosúnach. Bhí seanaithne ag Cathal ar an tiarna talaimh, mar shábháil sé ar a bháthadh é blianta fada roimhe sin. Mar gheall ar sin mheas an tiarna go raibh sé fá chomaoin riamh ó shin ag Cathal. Ar dhóigh ar bith, bhí siad an-mhór le chéile, agus bhí a fhios ag Cathal go ndéanfadh an duine uasal gar ar bith dá dtiocfadh leis dó.

Ar theacht d'Éamann go ceantar na dTuath cé a tí sé roimhe ar an bhealach mhór ach an duine uasal a raibh sé ar a lorg. Bhí sé ina chóiste agus é ag gabháil ar cuairt chuig a chara sa Teach Mhór i mBaile Mhic Comhaill in aice Leitir Ceanainn. Chuaigh an teachtaire amach roimh na capaill gur stop iad. Mar nach raibh aithne ag an tiarna air chuir sé ceist a raibh mothú feirge inti air cad chuige a ndearna sé sin. D'inis Éamann an scéal ó thús go deireadh don duine uasal. Dúirt sé go raibh an fear a shábháil an tiarna ar a bháthadh faoi ghlas i mbeairic Dhún Fionnachaidh agus

é ag iarraidh d'achaingí ar an duine uasal réiteach dó.

Ar a chluinstin don tiarna goidé mar a bhí, thiontaigh sé na capaill agus níor stad go raibh ag an bheairic. Fuair sé an Coileánach ina shuí ar chathaoir cois na tine agus cuma ghruama air. D'fhiafraigh sé de an raibh gearán ar bith aige ar na péas. Thaispeáin Cathal cúl na lámh dó, áit a raibh lorg na fola ó ghearradh a d'fhág na glais lámh air. D'ordaigh an tiarna ar an bhomaite don tsáirsint na glais lámh a scaoileadh. San am chéanna bhagair sé ar an tsáirsint fán drochíde a thug sé do Chathal. Dúirt sé le Cathal ansin an baile a bhaint amach. Agus ní hambáin sin ach d'iarr sé air a bheith leis sa chóiste agus go bhfágfadh sé a chóir an bhaile é.

Uair eile bhí eallach cruinn ar an Chraoslach faoi chúram an bháillí Hastings. Eallach a bhí iontu a thóg sé in éiric cíosa. Tháinig scaifte mór chun na háite agus gleo agus callán leo agus cuma throda orthu, agus lig siad amach na hainmhithe. Chuir seo fearg an domhain ar an bháillí, agus mhionnaigh sé go mbeadh daor ar gach duine a raibh páirt aige san obair. Cathal Ó Coileáin an chéad duine ar smaoinigh sé air. Níor lig sé don fhéar fás faoina chosa go dtáinig sé a bhaint díoltais amach. Go hádhúil, chonaic Cathal ag teacht é agus mheas sé gurbh é an bóitheach an áit ab fhearr dó féin. Bhí gunna i láimh leis an bháillí agus claíomh sa láimh eile. Sin an rud a chuir an eagla ar Chathal. De thairbhe troda de, ní raibh sin sna trí pobail fear nach dtabharfadh sé lán a chraicinn dó. Isteach sa bhóitheach as an bhealach leis agus dhruid an doras.

CATHAL MÓR Ó COILEÁIN

Nuair nach bhfaca an báillí Cathal in áit ar bith, chuir sé a cheann isteach ar dhoras an bhóithigh. Ar an bhomaite rug Cathal greim chúl muineáil air, tharraing chuige é, agus d'fhág ina luf san aoileach i lár an urláir é gan gunna ná claíomh ina ghlaic. Bhí Cathal os a chionn ag bagairt siúd agus seo air, agus an báillí faoi eagla go mb'fhéidir gur ghearr a sheal ar an saol seo. D'agair sé Cathal a ligean amach. Sular lig, bhris Cathal an claíomh agus an gunna, ar dhóigh nach ndéanadh siad dochar dá mbuaileadh tallann eile an báillí.

Ní raibh an báillí chomh mín modhúil sin nuair a d'imigh sé as an ghéibheann. Thug sé Cathal os comhair na cúirte. Ba é an gearán a bhí aige ina éadan gur bhuaíl sé an báillí agus é i mbun a chuid oibre. Nuair a bhí an gearán déanta ag an bháillí d'éirigh Cathal á chosnamh féin. Dúirt sé go dtáinig Hastings chun a thí agus gunna agus claíomh ar iompar leis. Go raibh barúil aigesean nach dea-rud a thug é agus an dá arm mharfacha sin leis. Go ndeachaigh seisean ar a chosnamh, mar mheas sé go raibh sé i gcontúirt a bháis ag an bháillí.

An tiarna talaimh a bhí sa chathaoir, agus i ndiaidh dhá thaobh an scéil a chluinstin dúirt sé gurbh é a thuairim go raibh an ceart ag Cathal. Dúirt sé leis an bháillí nach raibh cead aige ionsaí a dhéanamh ar dhuine ar bith ar a leithéid de dhóigh. Bhuaigh Cathal. Lena thaispeáint nach raibh olc ar bith aige dó, d'iarr an báillí air teacht aníos ar a chúlaibh ar an chapall. Ar theacht go teach tábhairne in aice an Chraoslaigh

dóibh thug sé a oiread dí dó agus choisc a thart, agus scar siad le chéile go múinte muinteartha.

Tá mé ag déanamh gur fada go raibh leithéid Chathail sa taobh tíre seo arís. Tá mé den bharúil nach raibh fear sna trí paróistí inchurtha leis ar dhóigh ar bith. An té a chuirfeadh troid air ba dó ba mheasa. Mar sin féin, ní chuirfeadh Cathal isteach ar an té nach raibh ag cur chuige ná uaidh. Bhí sé cineálta, carthanach, garach. Bhí snámh maith aige, mar a dúirt mé cheana féin, agus murab é go dtug sé tarrtháil ar an tiarna an uair a thit sé as an bhád in aice na Trá Móire, tá eagla orm gur báite a bheadh an duine uasal.

Bhí léim agus rúid ann, fosta. Bhí fear ag obair ag an tiarna agus tháinig sé ina cheann gurb airde an léim a thiocfadh leis a ghearradh ná a thiocfadh le Cathal. Bhí geafta ar pháirc a bhí ann, agus bhí sé sé troithe ar airde má bhí sé orlach. Chuaigh Cathal de léim thar an gheafta gan saothar mór ar bith a chur air féin. Thug an fear eile iarraidh ansin, ach d'ainneoin a dhícheill nór éirigh leis dul glan thairis. Stróc sé a bhríste ar cheann de na spící, agus b'éigean dó an chraobh a ligean le Cathal.

Mo bheatha a hinse ar an chraolachán

Le deich mbliana nó mar sin níos fhág mé ach go hannamh 'mo chró beag ag bun Chnoc an Tí', is é sin mo theach féin. Tá mé sean anois, agus mé ag éirí níos sine agus níos laige gach lá dá lasann grian. Ach ní ceart dom a bheith ag casaoid faoi sin, mar bhí Dia i gcónaí go maith dom, agus thug Sé saol níos faide agus níos suimiúla dom ná a thug Sé do mhórán do mo chomharsana. Tá an mhórchuid de lucht mo chomh-aimsire ar shlua na marbh, agus ní hiontas ar bith cineál d'uaigneas agus de chumha a bheith orm i ndeireadh mo laetha. Caithfidh sé nach fada uaim féin an uaigh. Ach toil Dé go raibh déanta!

Tharla mórán rudaí iontacha le linn mo shaoil, ach ba é an rud a tharla i mbliana (1936) ba mhó a thug pléisiúr dom dá dtáinig trasna orm riamh. Is é an rud atá i gceist agam an chaint a rinneadh ar an chraolachán faoi mo chuid filíochta Gaeilge.

Leis an scéal a thabhairt liom i gceart caithfidh mé dul siar go dtí an bhliain 1935 nuair a casadh mo chara, Liam Ó Connacháin, orm. Bhí sé ar cuairt ar an Chraolachán lá. Is dóiche go gcuala sé iomrá inteacht orm féin, nó gur léigh sé cuid de mo chuid filíochta. Tá sé tógtha go mór leis an Ghaeilge. Tráthnóna

amháin sa tsamhradh bhuaile sé isteach chugam. Bhí comhrá fada eadrainn. Thaispeáin mé cuid de na dánta a chum mé dó agus chuir sé spéis mhór iontu. Tá post aige mar scríbhneoir ar an *Derry Journal*. D'iarr sé orm cúpla dán a thabhairt dó agus go gcuirfeadh sé i gcló ar an pháipéar iad. Thug mé sin dó. Fá cheann seachtaine fuair mé cóip den pháipéar a cuireadh chugam agus giota iontach deas ann fán chuairt a thug Liam orm féin. Bhí an fhilíocht ar an pháipéar, fosta. Ó sin amach d'éirigh sinn an-mhór le chéile, agus thigeadh seisean gach mí ar cuairt chugam agus lúcháir mo chroí ormsa a fheiceáil i gcónaí.

Tráthnóna dá dtáinig sé dúirt sé gur mhaith leis óráid bheag a dhéanamh ar an chraolachán fá mo shaol féin agus fá mo chuid filíochta. Chuir sin mo chroí ag preabadaigh i mo chliabh. Go dtí sin ní fhaca mise an gléas iontach sin – an *wireless*. D'iarr sé orm cuntas beag fóirsteanach a thabhairt dó, rud a rinne mé. Gan mhoill ina dhiaidh sin tháinig sé chugam ar ais le scéala go raibh gach rud socair aige fán chraobh-scaoileadh.

Chuaigh na laetha thart, agus i lár an Aibreáin níorbh fhada uainn an lá mór. Ní raibh gléas an *wireless* i dteach ar bith cóngarach domsa, agus bhí mé ró-chreapalta le siúl chun an Chraoslaigh. Ach ní dhearna mo chara dearmad orm. Rinne sé réiteach le muintir Laifearthaigh a bhfuil oifig an phoist acu ar a Chraoslach gluaisteán a chur fá mo dhéin. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an tráthnóna sin a tháinig Pádraig Óg fá mo choinne. Chuidigh mo dhuine

muinteartha, Niall Ó Tréartaigh, liom culaith an Domhnaigh a chur orm, agus ar a seacht a chlog bhí mé i mo shuí ar mo sháimhín só sa tseomra i dteach Uí Laifeartaigh agus mo chluas leis an ghléas mhforúilteach. B'fhaide liom ná uair, gach bomaite go dtáinig an t-am – ceathrú go dtí a hocht – a rabhtas le labhairt orm féin.

Fá dheireadh, tugadh fógra go raibh Liam Ó Connacháin ag gabháil a labhairt ar Niall Mac Giolla Bhríde. Le sin chuala mé an glór agus d'aithin mé ar an bhomaite é. Bhí Liam ag caint, agus ag caint ormsa! Bhí áthas agus bród agus pléisiúr orm an tráthnóna sin, agus cé a bheadh ina dhiaidh orm? An dóigh ar labhair sé, agus na rudaf deasa a dúirt sé agus é ag trácht ar mo shaol agus ar mo shaothar! Tháinig gach aon fhocal chugam go soiléir. Shíl mé go raibh sé féin istigh sa bhosca bheag!

Bhain mé an baile amach an oíche sin agus mo chroí níos éadroime ná a bhí sé le fada roimhe sin. Ar mo ghlúine, sa teach bheag ar an Fhiodh Mhór, thug mé buíochas do Dhia na Glóire fá shaol agus shláinte a fhágáil agam leis an lá sin a fheiceáil.

I mo luí san ospidéal

Is beag suarach a bhfuil fágtha agam anois le hinse fá mo shaol féin. Tá mé aosta, agus mo théarma ar shéala a bheith caite, agus mé anseo i mo luí san ospidéal i Leitir Ceanainn le corradh le mí. Tá mé buíoch do Dhia gur tugadh caoi dom ar theacht anseo; agus, más é A thoil é, b'fhéidir go mbeinn ábalta an chos a chur fúm arís. Trí mhí ó shin tháinig galar mallaithe ar ladhra mo choise agus ní tháinig liom, ó bhuaile sé mé, coiscéim a shiúl. Chomhairligh an dochtúir dom dul isteach san ospidéal, ó nach raibh aon duine sa teach le haire a thabhairt dom. Dóbair gur bhris mo chroí ag fágáil 'an chró bhig' dom, ach goidé an neart a bhí air?

Agus an bhfuil a fhios agaibh, a chairde, gurb é an lá a scar mé leis an bhaile lá na feise i Leitir Ceanainn? Bhí rún daingean agam a bheith i gcomórtas na filíochta, ach, ina ionad sin, seo ar shlait mo dhroma mé riamh ó shin. Tá mé ag bisiú do réir a chéile. Tá na mná friothála an-chineálta liom, agus ní fhéadfainn aire agus cúram níos fearr a fháil i bpálás an rí féin. D'amharc an dochtúir orm lá fá dheireadh, i ndiaidh theacht chun an bhaile dó óna chuid laetha saoire. Dúirt mé leis nach bhfaca mé na ladhra nimhneacha ó tháinig mé isteach san ospidéal. Rinne sé draothadh beag gáire, agus ar seisean:

I MO LUÍ SAN OSPIDÉAL

'Ní fhaca agus ní fheicfidh, a Néill, mar bhain mé trí cinn de na ladhra den chois!'

Chuir sin iontas mór orm, mar níor shamhail mé go raibh rún ar bith aige a mbaint díom. Ach, ó tharla thart é, thug mé buíochas do Dhia, mar thuig mé gurbh é sin an rud a bhí i ndán dom lá inteacht, sin nó bás a fháil dá mbarr.

'An Craoibhín Aoibhinn'

Bhuel, a chairde, tá mo shaol a chóir a bheith caite anois, agus mé i mo lúf anseo i mo leaba, agus gan mé ábalta a bheith ag bogadaigh thart, mar ba mhaith liom a bheith. Mar sin féin, níl mórán ag cur buartha orm, agus b'fhéidir gurb é mo shuaimhneas i gceart atá mé a fháil ag deireadh mo shaoil! Is cuma fá sin; toil Dé go raibh déanta!

Is trua liom nach dtig liom a bheith ar mo chois na laetha seo, sa dóigh go dtiocfadh liom páirt a ghlacadh i Roinn na Teanga ag Feis Thír Chonaill, mar ba ghnách liom sna blianta atá thart!

Cé go bhfuil mo chroí briste, beagnach, mar gheall ar an chaill seo, tháinig scéala chugam ar na mallaibh – mar a tháinig sé don tsaol mhór – agus cinnte dearfa, chuir sé lúcháir orm amach is amach! Ba é sin an nuacht iontach gur toghadh an sár-Ghael sin, Dubhglas de hÍde, le bheith ina chéad Uachtarán ar Éirinn! An t-am a bhínn féin, Aodh Ó Dufaigh as an Bhealtaine – go ndéana Dia grásta air – agus dornán beag fear eile ag streachailt leis an obair chrua chontúirteach a ghlac sinn orainn agus sinn ag iarraidh Conradh na Gaeilge a bhunú anseo, is maith is cuimhin liom an pháirt éifeachtach a bhí ag an Chraoibhín Aoibhinn sa

'AN CRAOIBHÍN AOIBHINN'

ghluaiseacht ghlórmhar sin, agus an dóigh ar oibrigh sé go dian dísheallach, de lá is d'ósche, lena chur i dtuigsint do mhuintir na tíre an géar-riachtanas a bhí leis an Chonradh mar ghléas leis an tseanteanga a shábháil ó bhás. Ba é sampla, dúthracht is saothar an fhir iontaigh seo, is dóigh liom, a bhrostaigh daoine de mo leithéidse le páirt a ghlacadh san iarracht le réim na náisiúntachta a thabhairt ar ais arís.

Is cuimhin liom, fosta, go bhfuair mé litir ón Chraoibhín, ó láimh Aodha Uí Dhufaigh, an t-am a cuireadh an dlí orm as m'ainm a bheith scríofa i nGaeilge ar mo charr.

Cinnté aontaíom le muintir na hÉireann go huile – agus níl scoilt nó titim amach ar bith i measc na ndaoine fá seo – buíochas le Dia – nach dtiocfadh leis an tír toghadh níos fiúntaí, níos onóraí, nó níos ciallmhaire a dhéanamh le post na hUachtaránachta a líonadh, ná é a bhronnadh ar an Chraoibhín. Tuilleann sé é go mór, ach tá rud is éifeachtaí ná sin ag baint leis: is é sin go rachaidh an dea-rogha seo chun buntáiste agus chun sochair do chúis na hÉireann chomh maith. Tá mise sásta i mo chroí fá sin, agus eolas agam ar an fhear a fuair an onóir, agus an dearcadh fíor-Ghaelach ata aige, mar a bhíodh i gcónaí.

The Chinese Journal is a quarterly publication of the Chinese Society of America, which was organized in 1892. The journal is published in English and Chinese, and is the only Chinese journal published in the United States. It is a valuable source of information on Chinese affairs, and is read by Chinese and non-Chinese alike. The journal is published by the Chinese Society of America, which is a non-profit organization dedicated to promoting Chinese culture and education in the United States. The journal is published in four issues per year, and is available to members of the Chinese Society of America at a special rate. The journal is also available to non-members for purchase. The journal is a valuable source of information on Chinese affairs, and is read by Chinese and non-Chinese alike. The journal is published by the Chinese Society of America, which is a non-profit organization dedicated to promoting Chinese culture and education in the United States. The journal is published in four issues per year, and is available to members of the Chinese Society of America at a special rate. The journal is also available to non-members for purchase.

AGUISÍN

Mo chró beag ag bun Chnoc an Tí

Is iomaí áit álainn in Éirinn
Ag filí 's lucht foghlama i gcáil,
Ach measaim gur gleannta Thír Chonaill
An áit ann is deise le fáil.
Cha dtabharfainn ar choróin Rí Éamainn,
A pháláis ná a stór maoineach buí,
Mo chónaí bheag féin i dTír Chonaill,
Mo chró beag ag bun Chnoc an Tí.

Tá'n Mhucais mhór álainn taobh thiar de
Faoi néalta leath bealaigh go bun,
Tá Caisleán Mhic Shuibhne taobh thíos de
Ar bhruach ghlas Chuan Caorach na dtonn.
Tá'n cuileann is an caorthann 's an fhuinseog
Is aiteannach ghlas na mbláth buí
In aghaidh doineann dubh geimhridh mar gharda
Ar mo chró beag ag bun Chnoc an Tí.

Tá'n bheachóg go meadhrach ag drandán,
Ag tógáil na meala den bhláth;
Tá'n lon dubh sna duilleoga glasa
Ag gabháil cheoil do n-a chéile le grá;

NIALL MAC GIOLLA BHRÍDE

Tá'n smólach ag seinm le suáilce
Ar an chraobh ghlas is airde 'na shuí,
Agus mise le lúcháir ag éisteacht
I mo chró beag ag bun Chnoc an Tí.

Ná labhair liom fán tír seo a fhágáil
Is imeacht thar farraige anonn,
Nó b'fhearr liom bheith beo bocht in Éirinn
Le mo chailín beag dóighiúil deas donn,
An áit a dtig liomsa umhlú Dé Domhnaigh
Agus paidir a chur ó mo chroí
Le hanam mo shinsear a thóg é –
Mo chró beag ag bun Chnoc an Tí.

Tóg suas do cheann álainn, a Éire!
Beidh rath ort is rathúnas go fóill,
Nó fillfidh do chlann atá díbeartha
Is beidh siad ar ball ag gabháil cheoil
Tríd ghleannaitibh is bhántaibh na tíre
Le haoibhneas is lúcháir a gcroí,
Mar atá mise anocht i dTír Conaill,
I mo chró beag ag bun Chnoc an Tí.

Turlough Óg O'Boyle

A ballad of Doe Castle

Wild are thy hills, O Donegal, that frowning darkly rise
As if to greet the mist that falls upon them from the
skies;

Dark, dark thy hills and darker still thy mountain
torrents flow,

Yet still more dark is Maolmuire's heart in his castle
hall at Doe.

Fair are thy plains, O Donegal, and calm thy winding
streams

That gently flow by hut and hall beneath the bright
sunbeams,

But plain or stream or meadow green, or flower upon
the lea

Were not more mild than Maolmuire's child, so sweet
and fair was she.

Stout grows thy oak, O Donegal, and straight thy ashen
tree,

And swift and strong young men all, their country's
pride to see,

NIALL MAC GIOLLA BHRÍDE

But oak or ash or young men all, that sprung from Irish
soil,
Were not more stout, swift, straight or strong than the
chief of Clan O'Boyle.

He was the pride of Faugher side, near the hills of
Ballymore,
For feats of strength none equalled him from Fanad to
Gweedore,
And he would go through frost and snow on a merry
Christmas Day
With ringing cheer to hunt the deer from his haunts in
dark Glenveigh.

And often in Doe Castle woods he'd hunt the deer and
hare,
But the witching deer that drew him there was
Maolmuire's daughter fair,
And there was no man in all the land, nor trod on
Irish soil,
Maolmuire's daughter loved so well as Turlough Óg
O'Boyle.

In Duntally wood, as best he could, his love for her he
vowed,
But her father overhearing him chastised O'Boyle
aloud;
With haughty pride, he says: 'Abide in Faugher by the
sea,
For you'll never wed the daughter of Maolmuire an
Bhata Bhuf.'

In his little boat O'Boyle would float, a-fishing he
 would go
 With hook and line to Lackagh's stream that runs near
 Castle Doe;
 High in the castle tower his loved one lay confined
 And on its lofty battlements in sorrow deep she pined.
 At the castle strand two boats lay manned to wait the
 rising tide,
 Maolmuire there in chief command right cowardly did
 hide,
 And when O'Boyle his homeward course steered by the
 Bishop's Isle
 They there waylaid and a prisoner made of fearless
 young O'Boyle.
 They brought him to the castle, in strong irons he was
 bound
 And by Maolmuire was confined in a dungeon
 underground,
 And in a few days after, inside the graveyard wall,
 Four stalwart ruffians bore a bier wrapped in a funeral
 pall.
 Poor Eileen from the tower above beheld this mournful
 scene,
 In mute amaze she cast a gaze on the castle graveyard
 green;
 All pale in death, beside a mound of freshly risen soil,
 The pall removed she there beheld the features of
 O'Boyle.

NIALL MAC GIOLLA BHRÍDE

Then with a shriek she madly leapt from the tower to
the ground,
Where by her faithful waiting maid her body bruised
was found,
And in Doe Castle graveyard green, beneath the
mouldering soil,
Maolmuire's daughter sleeps in death with Turlough
Óg O'Boyle.

And fishers say along the beach a phantom boat does
glide,
By pale moonlight at dead of night, there on the silvery
tide,
And in that boat two figures sit, upon each face a smile;
They say it is young Eileen fair and Turlough Óg
O'Boyle

The Hills of Donegal

O Donegal, the pride of all, my heart still turns to thee,
And my cottage home where oft I roamed when I was
 young and free,
Big houses grand in foreign lands can not compare at
 all,
With my cottage bright on a winter's night 'mid the
 hills of Donegal.

Right well I mind in the harvest time, that doleful
 dreary day,
When leaving all in Donegal I wandered far away,
In Creeslough town my friends stood round, I bade
 farewell to all,
Then on the van I waved my hand to the hills of
 Donegal.

When gazing back through Barnes Gap at my own dear
 native hills,
I thought no shame — Oh, who could blame? — while
 there I cried my fill;
My parents kind ran in my mind, my friends and
 comrades all,
My heart did ache, I thought 'twould break, when
 leaving Donegal.

NIALL MAC GIOLLA BHRÍDE

From Derry Quay we steamed away on the waters
calm and still
And down Lough Foyle our tug did toil for the big
ship at Moville,
Some loved to see each tower and tree and ancient
lordly hall,
But my thoughts that day were far away on the hills
of Donegal.

Round Tory Isle we steamed in style, on the mainland
we could see
Tall Muckish grand with glistening sand smile over
Cruckathee,
Errigal Hill, much grander still, looked proudly over
all;
I heaved a sigh and waved goodbye to the hills of
Donegal.

Among those hills St. Colmcille left miracles and cures
In streams and dells and holy wells, with power that
still endures;
Green Gartan's cell, the old Doon Well, St. Feenan's
waterfall,
Have virtues true that health renew mid the hills of
Donegal.

Old Donegal has castles tall among her mountains grey,
MacSuibhne's castle down in Doe and the castle of
Glenveigh,
The House of Ards near Derryart where Conyngham
did fall
By the avenging hand of bold Aodh Bán on the hills
of Donegal.

AGUISÍN

There, proud and bold in days of old, the O'Donnell
chiefs were crowned
Ere yet the Saxons left their tracks on holy Irish ground,
But the Saxons came with sword and flame to hold the
clans in thrall
And rule the glens, the fertile plains and the hills of
Donegal.

A cruel man oppressed the clans, nor God nor man did
fear,
But in '78 (I mind the date), in the springtime of the
year,
Near Milford town of high renown that Norman
Knight did fall
In Cratlagh wood as tyrants should, in the hills of
Donegal.

O, 'ghrá mo chroí, I long to see my native hills again,
On a foreign shore my heart is sore with an exile's
longing pain;
Could I but see these mountains free 'twould
compensate for all,
I'd live as my forefathers lived on the hills of Donegal.





